

# Treochtaí Teanga Éireann 2025/26

Tuarascáil le **Helen McKelvey**,  
**Natalie Finlayson**, **Ian Collen**  
agus **Jayne Duff**  
Ollscoil na Banríona, Béal Feirste

ar thaighde ar na  
choimisiúnú ag Comhairle na  
Breataine, Éire



Teangacha  
Iar-bhunscoile Éireann  
Post-Primary  
Languages Ireland

This research was commissioned by the  
**British Council Ireland and Teangacha  
Iar-bhunscolie Éireann (TIBÉ) on behalf  
of the Government of Ireland,  
Department of Education and Youth.**

McKelvey, H., Finlayson, N., Collen, I.,  
& Duff, J. (2026).

*Teanga Trends Ireland 2025-26.*

British Council.

[doi.org/10.57884/KGZN-G249](https://doi.org/10.57884/KGZN-G249)

Edited by David Vescio and  
translated by Gráinne Ní Ghilín  
for British Council Ireland

Design: Fintan Wall Design  
[fintanwall.com](http://fintanwall.com)

© **British Council 2026**. Shared under  
a Creative Commons Attribution  
Non-commercial 4.0 International  
Licence ([https://creativecommons.  
org/licenses/by-nc/4.0/](https://creativecommons.org/licenses/by-nc/4.0/)).

[britishcouncil.org/research-insight](https://britishcouncil.org/research-insight)

# Clár Ábhar

<a href="#">Intreoir</a>	4
<a href="#">Príomhthorthaí ó 2025/26</a>	6
<a href="#">Comhthéacs agus Cúlra Beartais</a>	7
<a href="#">Breac-chuntas Taighde</a>	11
<a href="#">Próifíl na scoileanna d'fhreagair</a>	13
<a href="#">Figiúirí Scrúduithe Poiblí</a>	16
<a href="#">An Ardteistiméireacht</a>	16
<a href="#">An tSraith Shóisearach</a>	19
<a href="#">Torthaí ó Cheannairí Iar-bhunscoile</a>	21
<a href="#">Forléargas</a>	21
<a href="#">Teangacha sa tSraith Shóisearach</a>	24
<a href="#">Teangacha sa tSraith Shinsearach</a>	27
<a href="#">An Ghné Idirnáisiúnta</a>	30
<a href="#">Dúshlán</a>	32
<a href="#">Bearta rathúla</a>	36
<a href="#">Nithe le feabhsú</a>	37
<a href="#">Torthaí ón Chéad Bhliain Iar-bhunscoile</a>	39
<a href="#">Teangacha sa lá scoile</a>	40
<a href="#">Turais Idirnáisiúnta</a>	41
<a href="#">Gairmeacha agus teangacha</a>	41
<a href="#">Buntáistí agus feabhsúcháin</a>	48
<a href="#">Torthaí ón Chúigiú Bliain Iar-bhunscoile</a>	49
<a href="#">Teangacha sa lá scoile</a>	49
<a href="#">Turais Idirnáisiúnta</a>	51
<a href="#">Gairmeacha agus teangacha</a>	51
<a href="#">Buntáistí agus feabhsúcháin</a>	54
<a href="#">Conclúid</a>	55
<a href="#">Leabharliosta Tagartha</a>	56

# Intreoir

Is cúis áthais é do Chomhairle na Breataine, Éire agus do Theangacha Iar-bhunscoile Éireann (TIBÉ) torthaí na chéad tuarascála *Treochtaí Teanga Éireann* a chur i láthair.

Suirbhéireacht ar Cheannairí Sinsearach agus daltaí in iar-bhunscoileanna in Éirinn atá in *Treochtaí Teanga Éireann*, arna ceapadh i gcomhar le paineál saineolaithe intíre le heolas a bhailiú faoi staid reatha theagasc agus fhoghlaim Nuatheangacha lasachta.

Is é is aidhm leis an tsuirbhéireacht:

i. an tionchar ag bearta beartais maidir le Nuatheangacha lasachta a mheasúnú;

agus

ii. forléargas a thabhairt ar chomhthéacs reatha an tsoláthair Nuatheangacha lasachta i gcóras scolaíochta na hÉireann bunaithe ar fhianaise chainníochtúil agus ar dhearcthaí arna gcur in iúl ag ceannairí scoile agus ag daltaí.

Is cuid den tsraith *Treochtaí Teanga* í an tuarascáil seo, ar cuireadh tús léi in 2002 le *Treochtaí Teanga Shasana*. Ó shin, tá suirbhéireachtaí bliantúla déanta ar bhunscoileanna, ar mheánscoileanna agus ar scoileanna neamhspleácha i Sasana. Tá suirbhéireacht bhliantúil á déanamh sa Bhreatain Bheag ó bhí 2015 ann, gach dara bliain i dTuaisceart Éireann ó 2019 i leith agus gach bliain in Albain ó 2024 ar aghaidh. Tá na tuarascálacha uile le fáil ar shuíomh gréasáin Threochtaí Teanga Chomhairle na Breataine


Léiríonn an tsraith *Treochtaí Teanga* athruithe ginearálta sonraí agus féachtar le hardán a chur ar fáil do mhúinteoirí, ceannairí scoile, lucht acadúil, cigirí, lucht ceaptha beartas, daltaí agus an pobal trí chéile ar ar féidir gnéithe de theagasc, foghlaim agus soláthar teangacha a bhreithniú ar bhealach níos doimhne.

Bhronn Comhairle na Breataine, Éire agus Teangacha Iar-bhunscoile Éireann (TIBÉ) conradh ar fhoireann taighdeoirí in Ollscoil na Banríona, Béal Feirste le tabhairt faoi *Treochtaí Teanga Éireann 2026*. D'obair an fhoireann taighdeoirí seo roimhe sin ar a mhacasamhail de thionscadail ar son Chomhairle na Breataine ar fud dhlínsí na Ríochta Aontaithe agus tá taighdeoirí ina measc a bhfuil taithí acu ar a bheith ag teagasc teangacha i seomraí ranga bunscoile agus meánscoile sa Ríocht Aontaithe agus thar sáile.

Ar son Chomhairle na Breataine, Éire, Teangacha Iar-bhunscoile Éireann agus Ollscoil na Banríona, Béal Feirste, is mian linn buíochas a ghabháil leis na múinteoirí agus leis na daltaí a bhí rannpháirteach sa taighde seo: murach iad, níorbh fhéidir an tuarascáil seo a dhéanamh ar chor ar bith.



**Kerry McCall Magan**  
Stiúrthóir Tíre, Comhairle  
na Breataine Éireann



**Karen Ruddock**  
Stiúrthóir, Teangacha  
Iar-bhunscoile Éireann



© British Council 2026

# Príomhthorthaí ó 2025/26

- Is í an Fhraincis an teanga is mó ó thaobh rannpháirtíochta i Nuatheangacha lasachta in Éirinn, ach thug 41 faoin chféad de na scoileanna a chuir freagra go bhfuil laghdú tagtha ar líon na ndaltaí atá ag dul di sa Timthriall Sinsearach le trí bliana anuas
- Mar atá ag tarlú sa Ríocht Aontaithe, tá méadú nach beag ann ó thaobh na Spáinnise ag gach leibhéal scolaíochta
- Tá tionchar diúltach ó thaobh líon na ndaltaí a roghnaíonn teanga iasachta don Ardeistiméireacht ag cinní ag Institiúidí Ardoideachais deireadh a chur le teanga iasachta mar riachtanas máithreánaithe le háit a fháil ar chúrsa bunchéime
- Baineann breis agus 75 faoin gcéad de dhaltaí céad bhliana taitneamh as teanga a fhoghlaim, agus deir 25 faoin gcéad go bhfuil a gcuid ranganna Nuatheanga lasachta spráúil
- Creideann daltaí gurb é an cumas teanga eile a labhairt agus iad ar cuairt ar thíortha eile an buntáiste is mó a bhaineann le teanga a fhoghlaim, agus tá cuid mhór acu ag iarraidh an deis a fháil labhairt níos mó ina gcuid ranganna
- Tuigeann 80 faoin gcéad de dhaltaí sa chúigiú bliain an luach a bhaineann le teanga a fhoghlaim
- Ar na gníomhaíochtaí saibhrithe is rathúla ó thaobh foghlaim teanga tá malartuithe scoile agus imeachtaí cultúrtha, lena n-áirítear iad siúd eagraithe ag TIBÉ

## Comhthéacs agus Cúlra Beartais

Is í an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) an comhlacht reachtúil in Éirinn a mhaoirsionn an curaclam do gach foghlaimeoir ó na luathbhlianta go deireadh an oideachais iar-bhunscoile, agus tá sé mar aidhm aici córas oideachais na hÉireann a chur chun tosaigh ar chórais oideachais eile in Iarthar na hEorpa (CNCM, 2024). I gcomhar le páirtithe leasmhara oideachais agus leis an Aire Oideachais agus Óige, is aidhm le CNCM a chinntiú 'go mbeidh páistí agus scoláirí in ann eispéiris thaitneamhacha, rannpháirtíochta, ábhartha agus dhúshlánacha go cuí a bheith acu a thacaíonn leis an bhfoghlaim, le saol a chaitheamh, chomh maith le tairbhe a bhaint astu, chun tacú le foghlaim, maireachtáil, cúnamh, cúram, agus obair ar an saol a bhíonn ag athrú i gcónaí' (CNCM, 2024).

Tá an córas oideachais rannata ina cheithre chuid: Na Luathbhlianta agus Oideachas Réamhscoile (breith go 6 bliana d'aois), Bunoideachas (5 bliana go 12 bhliain d'aois), Sóisearach (12 bhliain go 15 bliana d'aois) agus Sinsearach (15 bliana go 18 mbliana d'aois), agus ag deireadh an chórais tá an Ardteistiméireacht. Ag gach leibhéal, tá an Ghaeilge riachtanach i scoileanna Béarla, i nGaelscoileanna agus i scoileanna Gaeltachta<sup>1</sup> ó leibhéal na Naíonán Sóisearach (5 bliana d'aois) go dtí an 6ú bliain (18 mbliana d'aois), agus is ábhar riachtanach é an Béarla go dtí deireadh an Timthrialla Shóisearaigh (15 nó 16 bliana d'aois). Ag tógáil ar *Plean Gníomhaíochta don Oideachas 2016-2019*, féachann *Déanann Teangacha Nasc: Straitéis do Theangacha Iasachta san Oideachas in Éirinn 2017-2026*, a foilsíodh i mí na Nollag 2017, lena 'chur

ar chumas foghlaimeoirí cumarsáid a dhéanamh go héifeachtach agus feabhas a chur ar a gcuid caighdeán cumais i dteangacha' (An Roinn Oideachais agus Scileanna, 2017).

Is iad spriocanna an bheartais

- i. **oilteacht i dteangacha a fheabhsú;**
- ii. **roghnú teangacha a éagsúlú agus a mhéadú;**
- iii. **feasacht ar an tábhacht atá le foghlaim teangacha a mhéadú; agus**
- iv. **rannpháirtíocht fostóirí i bhforbairt agus in úsáid teangacha trádála a mhéadú (An Roinn Oideachais agus Scileanna, 2017).**

Chun na spriocanna sin a bhaint amach, tá aschuir spriocdhírithé atá le fíorú faoi 2026 leagtha amach in *Déanann Teangacha Nasc*, lena n-áirítear roghnú teangacha sa Timthriall Sóisearach agus sa Timthriall Sinsearach a mhéadú, roghanna nua teanga a thabhairt isteach, éagsúlacht na dteangacha iasachta a thairgtear i scoileanna a mhéadú, agus líon na mac léinn a roghnaíonn teanga iasachta mar chuid dá gcéim a mhéadú. Lena chois sin, is é an Fráma Tagartha Comónta Eorpach (FTCE) a bhfuil glacadh leis mar an caighdeán agus an aidhm ann líon na bhfoghlaimeoirí ar 'Úsáideoirí Neamhspleácha' iad a mhéadú.

In 2023, cuireadh béim i dtuarascáil eatramhach agus i bplean breise feidhmithe don tréimhse suas go 2026 ar líon mór cásanna rathúla agus aithníodh chomh maith na dúshláin a bhí fós romhainn chun na bunspríocanna a leagadh síos in 2017 a bhaint amach, go

<sup>1</sup> Baineann an téarma Gaeltacht le réigiúin in Éirinn ina bhfuil an Ghaeilge mar an phríomhtheanga labhartha. Bíonn Gaelscoileanna ag cur tumoideachais ar fáil i gceantair inarb é an Béarla an phríomhtheanga, agus feidhmíonn scoileanna Gaeltachta i bpobail Ghaeilge ina mbíonn an teanga sin á labhairt gach lá.

háirithe Nuatheangacha lasachta a chur chun cinn ó aois luath, éagsúlacht na dteangacha a chuirtear ar fáil a mhéadú, agus plean a fhorbairt le go mbeadh páirt níos mó ag Nuatheangacha lasachta san ardoideachas agus sa bhreiseoideachas.

Tá an bunoidreachas rannata ina cheithre chéim: i gCéim 1 (Naíonáin Shóisearacha agus Shinsearacha, 4-6 bliana d'aois) agus i gCéim 2 (Rang 1 agus 2, 7-8 mbliana d'aois) dírithe ar an Bhéarla agus ar an Ghaeilge, agus tá an tríú teanga san áireamh sa churaclam athfhorbartha. I scoileanna Béarla, is é an Béarla an chéad teanga (T1) agus is í an Ghaeilge an dara teanga (T2). I nGaelscoileanna agus i scoileanna Gaeltachta, déantar an curaclam a theagasc trí mheán na Gaeilge mar T1 agus tá an Béarla mar T2. De réir mar a théann na blianta bunoidreachais thart, cuirtear méid suntasach, méadaitheach ama ar fáil i rith na seachtaine do T2. Go dtí 2025, ní raibh Nuatheangacha lasachta mar chuid fhoirmiúil den churaclam bunscoile; rinneadh athfhorbairt mhór air in 2025, áfach, agus de réir na sonraíochta is deireanaí, ní mór Nuatheanga lasachta a áireamh i gCéim 3 (Rang 3 agus 4, 9-10 mbliana d'aois) agus i gCéim 4 (Rang 5 agus 6, 11-13 bliana d'aois) mar thríú teanga (T3), agus uair an chloig sa tseachtain a chaitheamh ar T3 a theagasc. Is é a bhíonn i gceist le T3 i gCéimeanna 3 agus 4 'feasacht ar theangacha agus ar chultúir a thógáil', 'caidrimh chumarsáideacha a fhorbairt', 'ábhar agus struchtúr teangacha a thuiscint' agus 'teangacha a fhiosrú agus a úsáid' agus é mar sprioc tacú le páistí 'cumarsáid a dhéanamh ar leibhéal an-bhunúsach nó bunúsach', is é sin le rá leibhéal réamh-A1 go A1 sa FTCE (CNCM, 2025a). I gCuraclam Teanga na Bunscoile, spreagtar daltaí chomh maith leis na teangacha a labhraíonn siad sa bhaile a úsáid sa tseomra

ranga chun feasacht idirchultúrtha a mhéadú agus an t-ilteangachas a chothú. Sa tréimhse roimh thabhairt isteach Nuatheangacha lasachta ag leibhéal na Bunscoile in 2025, tá modúl rathúil 'Cuir Fáilte roimh Theangacha' á reáchtáil ag TIBÉ a thugann blaiseadh de na teangacha i gcomhthéacs an ullmhúcháin d'imeascadh teanga bhreise sa churaclam. Tugadh 'Cuir Fáilte roimh Theangacha' isteach in 2021 agus ó shin tá páirt glactha ann ag 316,000 dalta bunscoile. Sa scoilbhliain 2025/26, tá breis agus 1,300 scoil ag glacadh páirte i gCéim 2 den mhodúl, atá dírithe ar dhaltaí Chéim 4 (TIBÉ/ Déanann Teangacha Nasc, 2025a). Tá TIBÉ freagrach freisin as áiseanna a fhorbairt agus feabhsú scileanna teanga bunmhúinteoirí a éascú chun a gcumais teanga a fheabhsú. Go foriomlán, is é an sprioc atá ag TIBÉ i gcomhthéacs an Bhunoidreachais tacú le cur i bhfeidhm an Churaclam Bunscoile athfhorbartha trí mhuinín agus cumas múinteoirí i Nuatheangacha lasachta a ardú agus ullmhúcháin a dhéanamh do chur i bhfeidhm an churaclaim trí chur chuige ilteangach i leith foghlaim teangacha a thabhairt isteach trí 'Cuir Fáilte roimh Theangacha'. Sprioc eile a bhaineann leis an chlár teangacha bunscoile is ea roghnú Teangacha lasachta a mhéadú nuair a aistríonn daltaí ón bhunscoil isteach sa tSraith Shóisearach.

Is é is aidhm leis an tSraith Shóisearach, cúrsa trí bliana (Bliain 1 go Bliain 3) a thosaíonn agus na daltaí 12 bhliain nó 13 bliana d'aois, a chur ar a gcumas do na daltaí 'cumarsáid a dhéanamh agus neamhspleáchas, muinín agus cruthaitheacht ag méadú i rith an ama' (CNCM, 2025b). Faoi láthair, is féidir le daltaí staidéar a dhéanamh ar lánchúrsa Fraincise, Gearmáinise, Iodáilise nó Spáinnise, atá ag teacht le leibhéal A1 go A2 den FTCE. Cé nach bhfuil sé éigeantach Nuatheanga lasachta a roghnú sa tSraith Shóisearach, tá sé

riachtanach i bhformhór na scoileanna, nó molann siad go láidir ar a laghad, Nuatheanga lasachta amháin ar a laghad a fhoghlaim le linn na Sraithe. Cuireann roinnt scoileanna Nuatheanga lasachta ar fáil mar rogha sa tSraith Shóisearach. Tá baint éigin aige sin leis an athbhreithniú in 2022 ar an tSraith Shóisearach nuair a laghdaíodh líon na n-ábhar a gcuirtear daltaí faoi scrúdú iontu go dtí a deich. An toradh a bhí air sin go bhfuil ualú níos mó ar na hábhair éigeantacha agus go bhfuil an rogha ábhar srianta. Mar gheall air sin, tá níos lú daltaí ag roghnú teangacha eile taobh amuigh den Ghaeilge agus den Bhéarla. In 2016, rinne 87 faoin gcéad de na daltaí scrúdú teanga ag deireadh na Sraithe Sóisearaí; faoi 2025 bhí ísliú go 79 faoin gcéad tagtha air sin (An Roinn Oideachais, 2025c; Coimisiún na Scrúduithe Stáit, 2025). Bíonn deiseanna ag daltaí na Sraithe Sóisearaí gearrchúrsaí a roghnú, áfach, agus faoi láthair tá Teangacha agus Cultúr na Síne (arna fhorbairt ag CNCM), an Pholainnis, an Rúisis, an tSeapáinis agus an Liotuáinis (arna bhforbairt ag TIBÉ) ar fáil. Tabharfar sonraíocht athbhreithnithe do Nuatheangacha lasachta sa tSraith Shóisearach isteach i mí Mheán Fómhair 2026.

Is clár roghnach bliana í an Idirbhliain idir an tSraith Shóisearach agus an Ardteistiméireacht. Is cuid de Shraith Shinsearach trí bliana í an Idirbhliain, ach is rud ar leith í amach ó chlár na hArdteistiméireachta, a mhaireann dhá bhliain. Tá an Idirbhliain ceaptha bunaithe ar fhorbairt agus foghlaim daltaí atá ag aistriú ón tSraith Shóisearach go dtí an tSraith Shinsearach lena n-ullmhú dá saol sa todhchaí mar shaoránaigh áitiúla, náisiúnta agus dhomhanda. Bíonn deiseanna forbartha pearsanta, sóisialta agus acadúla ann agus faigheann na daltaí taithí ar shaol an duine fhásta agus ar an tsaol oibre. Tá sé mar rogha

ag gach iar-bhunscoil an clár idirbhliana a chur ar fáil dá ndaltaí; in 2023, roghnaigh 80.3 faoin gcéad de dhaltaí na tríú bliana an Idirbhliain a dhéanamh (An Roinn Oideachais agus Óige, 2025b).

Is tionscnamh Idirbhliana é #ThinkTeangas a d'fhorbair TIBÉ ina mbíonn sraith imeachtaí áitiúla agus náisiúnta ar siúl gach bliain seachtain ar leith i mí na Samhna agus é mar aidhm leis foghlaim teangacha a cheiliúradh agus a chur chun cinn de réir aschuir shainithe oideachais an chlár Idirbhliana. In 2025, bhí 240 scoil agus tuairim is 21,000 dalta ar fud na tíre páirteach ann. Feidhmíonn #ThinkTeangas mar thacaíocht do mhúinteoirí agus mar mheicníocht le daltaí a spreagadh le teangacha a roghnú ag leibhéal na Sraithe Sinsearaí (Déanann Teangacha Nasc, 2025b).

I ndiaidh na hIdirbhliana, téann daltaí ar aghaidh go dtí an Ardteistiméireacht, clár dhá bhliain (an 5ú agus an 6ú bliain); cé nach bhfuil riachtanas foirmiúil ann staidéar a dhéanamh ar Nuatheanga lasachta i gceann ar bith den trí chonair Ardteistiméireachta (Bunaithe, Gairmeach nó Feidhmeach), is amhlaidh atá deiseanna suntasacha ann staidéar a dhéanamh ar nuatheangacha iasachta, lena n-áirítear: Araibis, Sínis (Mandairínis), Fraincis, Gearmáinis, Iodáilis, Seapáinis, Liotuáinis, Polainnis, Portaingéilis, Rúisis agus Spáinnis. Maidir le daltaí ar teanga neamhchuraclaim í T1 acu (Rómáinis, Cróitis agus teangacha eile de chuid an AE, nó Úcráinis), tá an rogha ann scrúdú Ardteistiméireachta a dhéanamh ina máthairtheanga. Chun cáilíocht Ardteistiméireachta i Nuatheanga lasachta a bhaint amach, bítear ag súil go bhfuil caighdeán bainte amach ag daltaí atá ag teacht a bheag nó a mhór le A2/B1 de FTCE d'fhorhór na dteangacha curaclaim. Cuirtear an tSínis agus an tSeapáinis

ar fáil ar bhonn ab initio agus mar sin is é réamh-A1/A1 de FTCE an leibhéal a mbítear ag súil leis faoi dheireadh an chúrsa, agus bíonn an measúnú do theangacha neamhchuraclaim bunaithe ar an scrúdpháipéar scríofa deiridh don Chéad Teanga lasachta sa Bacallaureate Eorpach.

Tá dhá Institiúid Ardoideachais in Éirinn a bhíonn á maoiniú le hairgead poiblí. Bronntar pointí Lár-Oifig Iontrála ar dhaltaí Ardteistiméireachta Bunaithe agus Ardteistiméireachta Gairmí, a mbaintear úsáid astu le haghaidh iontrála san Ardoideachas. Níl an Ardteistiméireacht Fheidhmeach mar chuid de chóras pointí na Lár-Oifige Iontrála. Cé nach bhfuil sé éigeantach staidéar a dhéanamh ar Nuatheanga lasachta ag leibhéal na scoile, tá Nuatheanga lasachta riachtanach le máithreánú i gcás cuid mhaith de na cúrsaí Ealaíon agus Daonnachtaí in institiúidí Ollscoil na hÉireann (Ollscoil na Gaillimhe, Ollscoil Mhá Nuad, an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath agus Coláiste na hOllscoile, Corcaigh) agus i gcás cláir ar leith in institiúidí ardoideachais eile. Fuarthas in *Déanann Teangacha Nasc* in 2012 go raibh tuairim is 4 faoin gcéad de mhic léinn Ardoideachais ag déanamh staidéir ar theanga mar chroíchuid nó mar chuid chreidiúnaithe dá gcéim. Ceann de an haidhmeanna a bhí leis an Straitéis an figiúr sin a ardú go 20 faoin gcéad faoi 2026, agus luaíodh go raibh cáilíocht de chineál éigin i Nuatheanga lasachta ag 70 faoin gcéad de lucht fágtha na scoile (An Roinn Oideachais agus Scileanna, 2017).

## Breac-chuntas Taighde

Choimisiúnaigh Comhairle na Breataine, Éire agus TIBÉ foireann taighde ón Ionad Taighde um Oideachas Teangacha in Ollscoil na Banríona, Béal Feirste le taighde a dhéanamh don chéad tuarascáil *Treochtaí Teanga in Éirinn*. Fuarthas faomhadh eiticíúil ón Choiste um Eitic Thaighde i Scoil na nEolaíochtaí Sóisialta, an Oideachais agus na hOibre Sóisialta in Ollscoil na Banríona, Béal Feirste. Thug gach rannpháirtí sna suirbhéanna cead go deonach agus go heolasach páirt a ghlacadh iontu. Rinneadh an tionscadal de réir Threoirlínte Eitice do Thaighde Oideachais de chuid Chumann Taighde Oideachais na Breataine, a thugann tacaíocht do thaighdeoirí lena gcur ar a gcumas taighde a dhéanamh de réir na gcaighdeán eiticíúil is airde.

De réir na modheolaíochta taighde a mbaintear úsáid aisti sa tsraith *Treochtaí Teanga* go ginearálta, rinneadh suirbhéireacht ar scoileanna trí cheistneoirí. Bhí saineolas painéil chomhairligh ar fáil maidir le hailíniú an taighde leis an chomhthéacs in Éirinn agus thug siad aiseolas ar luathdhréachtaí de na suirbhéanna. Bhí ionadaithe ar ghníomhaireachtaí ábhartha náisiúnta, ar lucht bainistíochta scoileanna, ar mhúinteoirí agus ar an rialtas ar an phainéal.

Rinneadh an leagan deiridh de thrí cheistneoir shaincheaptha i mBéarla agus i nGaeilge lena ndáileadh:

- i. **suirbhé ar Lucht Ceannasaíochta in Iar-bhunscoileanna,**
- ii. **suirbhé ar Dhaltaí Céad Bhliana Iar-bhunscoile,**
- iii. **suirbhé ar Dhaltaí Cúigiú Bliana Iar-bhunscoile.**

Rinneadh an suirbhé (le ceistneoirí óstaithe ar an ardán suirbhéireachta Questback) idir Nollaig 2025 agus Feabhra 2026. Chuir Comhairle na Breataine, Éire agus TIBÉ cuireadh roimh scoileanna trí ríomhphost agus trí scairteanna gutháin páirt a ghlacadh ann agus chuige sin baineadh úsáid as bunachar sonraí seoltaí ríomhphoist do phríomhoidí scoile atá ar fáil go poiblí. Scaipeadh naisc rannpháirtíochta trí chainéil Chomhairle na Breataine, Éire agus TIBÉ ar na meáin shóisialta (LinkedIn, Facebook, X agus Instagram).

I ndiaidh gur glanadh na tacair shonraí agus gur baineadh ar shiúl eolas dúbailte, is é 143 líon na scoileanna a bhfuair muid freagra uathu. Chuir an Roinn Oideachais agus Óige sonraí comhthéacsúla breise ar fáil.

Tá na freagraí uile curtha i láthair in Tábla 1. Thiocfadh leis na freagróirí freagairt i nGaeilge nó i mBéarla, agus tá líon na bhfreagraí a fuarthas sa dá theanga sin le fáil sa tábla seo thíos.


	Líon na bhfreagraí i mBéarla	Líon na bhfreagraí i nGaeilge	Líon iomlán na bhfreagraí
Ceannairí Sinsearacha in Iar-bhunscoileanna	129	5	134
Daltaí Céad Bhliana Iar-bhunscoile	1,196	113	1,309
Daltaí Cúigiú Bliana Iar-bhunscoile	808	80	888

**Tábla 1:** Rátaí freagartha ar an tsuirbhé

Rinneadh roinnt anailísí aonathráideacha agus ilathráideacha ar na sonraí cainníochtúla le treochtaí ginearálta a aimsiú; rinneadh anailís ar thráchtanna cáilíochtúla trí anailís théamúil agus códú déaduchtach (Braun agus Clarke, 2022).

## Próifíl na scoileanna a d'fhreagair

De réir réamhstaitisticí na Roinne Oideachais agus Óige don bhliain acadúil 2025/26, tá 722 iar-bhunscoil in Éirinn (An Roinn Oideachais agus Óige, 2025c)<sup>1</sup>. As an trí shuirbhé, fuair muid freagraí ó 143 scoil, is é sin 20 faoin gcéad d'iar-bhunscoileanna na hÉireann. Nuair a dhéantar briseadh síos de réir contae agus cúige, feictear gur tháinig 66 faoin gcéad de na freagraí ó Chúige Laighean, an cúige in oirthear na hÉireann; de réir na staitisticí náisiúnta, is i gCúige Laighean atá 51 faoin gcéad de scoileanna. Féadfaidh sé go mbeidh tionchar ar na torthaí ag an difear idir freagraí ar an tsuirbhé agus staitisticí náisiúnta. Léirítear in Tábla 2 agus in Fíor 1 leathadh na bhfreagraí fud fad na tíre.



**Fíor 1:** Scoileanna a d'fhreagair de réir contae

<sup>1</sup> Is féidir na réamhstaitisticí a fheiceáil ar: <https://education-statistics-doeirl.hub.arcgis.com/pages/secondary-education>

Cúige: Contaetha	Líon na scoileanna a d'fhreagair	Céatadán de na scoileanna a d'fhreagair (n=143)	Iomlán náisiúnta	Céatadán den iomlán náisiúnta (n=722)
<b>Connachta:</b> Gaillimh, Liatroim, Maigh Eo, Ros Comáin, Sligeach	16	11%	116	16%
<b>Laighin:</b> Ceatharlach, Baile Átha Cliath, Cill Dara, Cill Chainnigh, Laois, Longfort, Lú, an Mhí, Uíbh Fhailí, Loch Garman, an Iarmhí, Cill Mhantáin	94	66%	370	51%
<b>Mumhain:</b> An Clár, Corcaigh, Ciarraí, Luimneach, Tiobraid Árann, Port Láirge	29	20%	186	26%
<b>Ulster:</b> Cavan, Donegal, Monaghan	4	3%	50	7%

**Tábla 2:** Líon na scoileanna a d'fhreagair de réir cúige

De réir na Roinne Oideachais agus Óige, is i gCúige Laighean atá 45 faoin gcéad de na daltaí a dhéanann staidéar ar an Bhéarla mar Theanga Bhreise; siocair go bhfuil 66 faoin gcéad de na scoileanna a d'fhreagair suite i gCúige Laighean, is dócha go mbeidh sciar suntasach daltaí nach bhfuil Béarla ná Gaeilge acu mar mháthairtheanga san áireamh i dtorthaí na suirbhéireachta.

Tá ceithre chatagóir d'iar-bhunscoileanna in Éirinn: Meánscoil, Gairmscoil, Pobalscoil agus Scoil Chuimsitheach. Mar atá léirithe in Tábla 3 thíos, tá leathadh na scoileanna a d'fhreagair don tsuirbhéireacht de réir cineál iar-bhunscoile ag teacht den chuid is mó le leathadh na scoileanna go náisiúnta.

Cineál Iar-bhunscoile	Líon na scoileanna a d'fhreagair	Céatadán de na scoileanna a d'fhreagair (n=143)	Iomlán náisiúnta	Céatadán den iomlán náisiúnta (n=722)
Meánscoil	83	58.0%	379	52.5%
Gairmscoil	45	31.5%	246	34.1%
Pobalscoil	13	9.1%	83	11.5%
Scoil Chuimsitheach	2	1.4%	14	1.9%

**Tábla 3:** Scoileanna de réir cineál iar-bhunscoile

Is clár é Comhionannas Deiseanna sna Scoileanna a Sheachadadh (DEIS) a ceapadh le dul i ngleic le neamhionannas oideachais trí scoileanna ina bhfuil céatadán ard daltaí a bhfuil constaicí socheacnamaíochta ar a n-oideachas a aithint. Trí áiseanna agus tacaíocht bhreise agus baill foirne breise, amhail an comhordaitheoir teagmhála baile agus scoile, féachann DEIS lena chinntiú ‘go mbeidh gach leanbh agus gach duine óg in ann [uaillmhianta] neamhtheoranta a bheith acu, go gcumhachtófar iad chun fás, go spreagfar iad chun foghlaim, agus go bhfaighidh siad tacaíocht chun rath a bhaint amach’ (An Roinn Oideachais agus Óige, 2025a)<sup>2</sup>. As an 143 scoil a d’fhreagair don tsuirbhéireacht, tá 40 ceann acu páirteach i gclár DEIS, is é sin 28 faoin gcéad de na freagróirí. Go cionmhar, tá sé seo rud beag níos ísle ná na staitisticí náisiúnta, a léiríonn go bhfuil 32 faoin gcéad d’iar-bhunscoileanna rannpháirteach i gclár DEIS: mar sin, tá tearcionadaíocht ar scoileanna DEIS sa tsuirbhéireacht seo.

Gnéas na ndaltaí sa Scoil	Líon na scoileanna a d’fhreagair	Céatadán (n=143)	Iomlán náisiúnta	Céatadán náisiúnta (n=722)
Measctha	96	67%	519	72%
Buachaillí	14	10%	90	12%
Cailíní	33	23%	113	16%

**Tábla 4:** Scoileanna de réir ghnéas na ndaltaí sa scoil

Léirítear in Tábla 4 gnéas na ndaltaí sna scoileanna a d’fhreagair: tá tearcionadaíocht bheag ar scoileanna buachaillí agus tá ró-ionadaíocht shuntasach ar scoileanna cailíní le hais na staitisticí náisiúnta, agus féadfar tionchar a bheith aige sin ar na torthaí óir tá roghnú teangacha níos airde i scoileanna cailíní ná scoileanna buachaillí (TIBÉ, 2017).

Bhí 3 faoin gcéad de na scoileanna a d’fhreagair suite sa Ghaeltacht agus is Gaelscoileanna iad 9 faoin gcéad díobh.

<sup>2</sup> Is féidir Straitéis DEIS go 2035 a fheiceáil ina hiomláine ar [https://assets.gov.ie/static/documents/7b9b0c9b/ONLINE\\_v5\\_DEIS\\_Strategy.pdf](https://assets.gov.ie/static/documents/7b9b0c9b/ONLINE_v5_DEIS_Strategy.pdf)


# Figiúirí Scrúduithe Poiblí

## An Ardteistiméireacht

Léiríonn Fíor 2 agus Tábla 5 líon iomlán na n-iontrálacha Ardteistiméireachta, ag gach leibhéal, idir 2015 agus 2025 maidir leis na teangacha curaclaim sin atá á dteagasc go traidisiúnta, mar atá Fraincis, Gearmáinis, Spáinnis agus Iodáilis. Níl mórán d'athrú tagtha ar iontrálacha don Iodáilis; bhí ardú beag ann sa tréimhse deich mbliana atá i gceist. Bhí buaic iontrálacha don Ghearmáinis ann in 2020 agus ansin d'ísligh a líon go leibhéal beagán níos ísle ná leibhéal 2015. Tá fás láidir ar rannpháirtíocht ó thaobh na Spáinnise le deich mbliana anuas: in 2022 d'ardaigh líon na n-iontrálacha go leibhéal a bhí níos airde ná an Ghearmáinis agus faoi 2025 bhí dhá oiread iontrálacha ann don Spáinnis le hais na Gearmáinise. Is í an Fhraincis an teanga is mó rannpháirtíochta go fóill ag leibhéal na hArdteistiméireachta, ach tá laghdú suntasach ann ó bhí an bhuaic ann in 2015; bhí méadú beag ar líon na n-iontrálacha in 2025.

Bliain	Fraincis	Gearmáinis	Spáinnis	Iodáilis
2015	26,798	7,272	5,793	436
2016	25,757	7,615	6,579	512
2017	25,383	7,937	7,086	497
2018	23,710	8,503	7,027	462
2019	23,361	8,544	7,711	473
2020	22,880	8,701	8,355	408
2021	22,069	8,603	8,586	456
2022	21,150	8,126	9,540	541
2023	19,831	7,858	10,094	473
2024	17,950	7,033	10,308	519
2025	18,140	6,862	11,663	569

**Tábla 5:** Iontrálacha Ardteistiméireachta don Fhraincis, Gearmáinis, Spáinnis agus Iodáilis, 2015-2025



**Fíor 2:** Iontrálacha Ardteistiméireachta don Fhraincis, Gearmáinis, Spáinnis agus Iodáilis, 2015-2025

Bliain	Araibis	Seapáinis	Liotuáinis	Sínis (Mandairínis)	Polainnis	Portaingéilis	Rúisis
2014	127	298					309
2015	122	296					285
2016	110	326					333
2017	118	296	213		693	84	310
2018	148	296	156		687	84	367
2019	192	274	177		780	116	470
2020	179	267	96		508	63	395
2021	188	298	144		684	109	474
2022	200	271	186	280	818	131	419
2023	251	312	210	335	956	187	521
2024	290	337	265	337	1,050	276	855
2025	338	263	333	429	1,385	281	1,062

**Tábla 6:** Iontrálacha Ardteistiméireachta do Nuatheangacha lasachta eile, 2015-2025


Léiríonn Tábla 6 líon iomlán na n-iontrálacha Ardteistiméireachta, ag gach leibhéal, i gcás teangacha curaclaim eile. Rinneadh Liotuáinis, Polainnis agus Portaingéilis a scrúdú mar theangacha neamhchuraclaim ó 2017 ar aghaidh agus tugadh isteach sa churaclam iad, le Sínis (Mandairínis) chomh maith, in 2020; bhí na chéad scrúduithe stáit ann in 2022. Tá ardú ar iontrálacha sa tréimhse 2015-2025 i gcás beagnach gach ceann de na teangacha curaclaim seo (seachas an tSeapáinis); tá ardú leanúnach, seasta ann i gcás na Polainnise, ach tá ardú suntasach ann i gcás na Rúisise ó bhí 2024 ann.

Féadfaidh daltaí atá ag cur isteach ar an Ardteistiméireacht scrúdú a dhéanamh i dteanga neamhchuraclaim bhreise amháin de chuid an AE (i) sa chás ina labhraíonn siad an teanga sin mar T1; (ii) sa chás ina bhfuil clár staidéir i dtreo na hArdteistiméireachta déanta acu; agus (iii) sa chás ina bhfuil siad ag dul don Bhéarla san Ardteistiméireacht chomh maith<sup>3</sup>. Tá méadú seasta tagtha ar líon na n-iontrálacha i gcás teangacha neamhchuraclaim ó bhí 2017 ann agus bhí méadú suntasach ann in 2025.

Féadfaidh daltaí cur isteach ar cháilíocht Ardteistiméireachta sna teangacha a leanas: Bulgáiris, Cróitis, Seicis, Ísiltírís, Ungáiris, Laitvis, Nua-Ghréigis, Rómáinis, Slóvaicis, nó Úcráinis. Is eisceacht í an Úcráinis i measc na dteangacha neamhchuraclaim, mar is í an t-aon cheann í nach teanga de chuid ballstát AE í. Léiríonn Fíor 3 ardú ar líon na n-iontrálacha i gcás gach teanga neamhchuraclaim:

Tugadh Úcráinis isteach in 2025: bhí 549 iontráil ann, is é sin 39% de na hiontrálacha uile do theangacha neamhchuraclaim an bhliain sin. Is í an Rómáinis an dara teanga is mó, 30%. Léirítear in Tábla 7 leathadh na n-iontrálacha i gcás teangacha neamhchuraclaim in 2025.

<sup>3</sup> Tá tuilleadh eolais ar chritéir le fáil ar shuíomh an Choimisiúin um Scrúduithe Stáit: <https://www.examinations.ie/?l=en&mc=ex&sc=eu>.



**Fíor 3:** Líon iomlán na n-iontrálacha Ardteistiméireachta do theangacha neamhchuraclaim, 2017-2025

Teanga	Líon na n-iontrálacha in 2025	Céatadán de na hiontrálacha uile (n=1,392)
Úcráinis	549	39%
Rómáinis	417	30%
Cróitis	118	8%
Laitvis	95	7%
Ungáiris	61	4%
Bulgáiris	37	3%
Ísiltíris	26	2%
Slóvaicis	29	2%
Sualainnis	29	2%
Seicis	18	1%
Nua-Ghréigis	13	1%


**Tábla 7:** Iontrálacha Ardteistiméireachta do theangacha neamhchuraclaim in 2025

## An tSraith Shóisearach

Léiríonn Fíor 4 agus Tábla 8 líon na n-iontrálacha, ag gach leibhéal, i scrúduithe stáit don Fhraincis, Gearmáinis, Spáinnis agus Iodáilis sa tSraith Shóisearach. Mar is amhlaidh i gcás na hArdteistiméireachta, is í an Fhraincis an teanga is coitianta sa tSraith Shóisearach ach tá laghdú seasta ar iontrálacha ó bhí 2015 ann. Tá líon na n-iontrálacha i gcás na hIodáilise agus na Gearmáinise seasta i gcónaí. Tháinig méadú suntasach ar an líon iontrálacha i gcás na Spáinnise sa tréimhse atá i gceist agus ó bhí 2019 ann tá an Spáinnis ar an dara teanga is coitianta, an Ghearmáinis sáraithe aici. Má leantar leis an treocht reatha, táthar ag súil go sáróidh an Spáinnis an Fhraincis faoi 2033, rud atá i ndiaidh tarlú cheana ag leibhéal GCSE i dTuaisceart Éireann (Duff agus Collen, 2025). Níl aon sonraí ar fáil do 2020 nó 2021 siocair nach raibh scrúduithe stáit Sraithe Sóisearaí ann sna blianta sin mar gheall ar phaindéim COVID-19 (An Roinn Oideachais, 2020).

Bliain	Fraincis	Gearmáinis	Spáinnis	Iodáilis
2015	32,044	11,423	8,459	434
2016	31,609	11,833	9,044	459
2017	31,584	12,030	10,231	433
2018	31,066	12,466	10,561	320
2019	31,070	12,013	12,099	511
2022	29,267	10,740	15,761	459
2023	28,873	11,209	17,160	497
2024	29,264	10,603	18,426	535
2025	27,354	10,436	19,369	589

**Tábla 8:** Iontrálacha Sraithe Sóisearaí don Fhraincis, Gearmáinis, Spáinnis agus Iodáilis, 2015-2025



**Fíor 4:** Iontrálacha Sraithe Sóisearaí don Fhraincis, Gearmáinis, Spáinnis agus Iodáilis, 2015-2025

# Torthaí



Think Global  
Work Opportunities  
**#ThinkLanguages**

Think Boosting  
Life Skills  
**#ThinkLanguages**

# Torthaí ó Cheannairí Iar-bhunscoile

I ndiaidh gur glanadh na sonraí agus gur baineadh ar shiúl aon dúbailt, fágadh go raibh freagra faighte ó Fhoirne Sinsearach Ceannaireachta (FCSanna) in 134 scoil éagsúil as 143 scoil san iomlán a d'fhreagair. Is Príomhoidí agus Leas-Príomhoidí den chuid is mó a bhí sna freagróirí; fuair muid freagraí ó chomhordaitheoirí Nuatheangacha lasachta chomh maith. As na scoileanna sin, níor thuairiscigh ach 28 faoin gcéad acu go líonfadh a gcuid daltaí suirbhéanna na ndaltaí.

## Forléargas

Chuir *Treochtaí Teanga in Éirinn* ceist ar na FSCanna cad iad na sonraí a bhailíonn siad óna ndaltaí faoi réamhfhoghlaim Nuatheangacha lasachta ag daltaí nua isteach. D'fhreagair 20 faoin gcéad de na scoileanna go mbailíonn siad sonraí; dúirt 6 faoin gcéad go gcoinníonn siad taifead neamhfhoirmiúil de na sonraí sin agus dúirt 57 faoin gcéad acu nach mbailíonn siad aon sonraí faoi réamhfhoghlaim teangacha. Cláraíonn 16 faoin gcéad sonraí faoi na teangacha a labhraítear sa bhaile seachas faoi réamhfhoghlaim Nuatheangacha lasachta.

Luaigh na freagróirí 76 teanga bhaile éagsúil, atá léirithe in Fíor 6; is iad Polainnis, Rúisis, Úcráinis, Spáinnis agus Portaingéilis na teangacha is coitianta acu.



**Fíor 5:** Teangacha baile arna dtuairisciú ag FSCanna

Is í an Fhraincis an Nuatheanga lasachta is coitianta a bhíonn á foghlaim ag daltaí mar chuid den ghnáthlá scoile, agus tá an Spáinnis agus an Ghearmáinis ar an dá theanga is coitianta ina dhiaidh sin. Léirítear in Tábla 9 céatadán na bhfreagróirí a mbíonn **gach** dalta i ngach bliainghrúpa staidéir dá gcuid ag dul don teanga áirithe atá i gceist. Tá sé níos coitianta ag gach dalta staidéar a dhéanamh ar Nuatheanga lasachta sa tSraith Shóisearach (Bliain 1 go 3) ná mar atá don Ardteistiméireacht (Bliain 5 go 6).

Teanga	Gach dalta sa chéad bhliain	Gach dalta sa dara bliain	Gach dalta sa tríú bliain	Gach dalta sa cheathrú bliain	Gach dalta sa chúigiú bliain	Gach dalta sa séú bliain
Fraincis	31.3%	26.9%	25.4%	29.1%	17.2%	17.9%
Spáinnis	21.6%	17.2%	16.4%	20.9%	10.4%	10.4%
Gearmáinis	18.7%	14.2%	13.4%	14.9%	9.0%	10.4%
Iodáilis	2.2%	1.5%	1.5%	5.2%	0.7%	0.7%
Polainnis	0.0%	0.0%	0.0%	1.5%	0.0%	0.0%
Sínis (Mandairínis)	1.5%	1.5%	1.5%	11.2%	0.7%	0.7%
Rúisis	0.0%	0.0%	0.0%	0.0%	0.7%	1.5%
Eile	2.2%	1.5%	1.5%	3.0%	1.5%	1.5%
Seapáinis	0.0%	0.0%	0.0%	3.7%	0.0%	0.7%
Araibis	0.0%	0.0%	0.0%	0.0%	0.0%	0.0%
Liotuáinis	0.0%	0.0%	0.0%	0.0%	0.0%	0.0%
Portaingéilis	0.0%	0.0%	0.0%	0.7%	0.0%	0.0%

**Tábla 9:** Céatadán de na scoileanna a d'fhreagair go mbíonn gach dalta i ngach ceann de na bliainghrúpaí ag dul don teanga

Mar a léirítear in Tábla 10, áfach, is é a mhalairt de threocht a tá ann maidir le freagraí do **chuid** de na daltaí atá ag déanamh staidéir ar an teanga. Is í an Fhraincis go fóill an teanga is mó rannpháirtíocht mar chuid de ghnáthlá scoile, ach i gcás gach teanga, tagann méadú suntasach ar chéatadán na scoileanna a thuiriscíonn go ndéanann cuid de na daltaí staidéar ar an teanga idir an tSraith Shóisearach agus an Ardteist, i ndiaidh na hIdirbhliana (Bliain 4). Teanga increases significantly between Junior Cycle and Leaving Certificate, following the Transition Year (Fourth year).

Teanga	Cuid de na daltaí sa chéad bliain	Cuid de na daltaí sa dara bliain	Cuid de na daltaí sa tríú bliain	Cuid de na daltaí sa cheathrú bliain	Cuid de na daltaí sa chúigiú bliain	Cuid de na daltaí sa séú bliain
Fraincis	60.4%	66.4%	68.7%	62.7%	77.6%	74.6%
Spáinnis	42.5%	43.3%	45.5%	44.0%	49.3%	47.0%
Gearmáinis	37.3%	42.5%	44.0%	43.3%	45.5%	49.3%
Iodáilis	3.7%	4.5%	5.2%	6.0%	6.0%	6.0%
Polainnis	5.2%	5.2%	5.2%	7.5%	6.0%	7.5%
Sínis (Mandairínis)	2.2%	2.2%	2.2%	6.0%	3.7%	3.7%
Rúisis	2.2%	2.2%	1.5%	3.0%	3.7%	4.5%
Eile	0.0%	0.7%	0.0%	1.5%	0.7%	3.0%
Seapáinis	0.0%	0.0%	0.0%	3.7%	2.2%	3.7%
Araibis	0.7%	0.7%	0.7%	0.7%	0.7%	0.7%
Liotuáinis	0.7%	0.7%	0.0%	0.7%	0.7%	1.5%
Portaingéilis	0.7%	0.0%	0.0%	3.0%	0.0%	0.0%


**Tábla 10:** Céatadán na scoileanna a d'fhreagair go bhfuil cuid de na daltaí sna bliainghrúpaí ag dul don teanga

In Tábla 9 agus 10 araon, is suimiúil a fheiceáil go bhfuil ardú mór ann sa 4ú bliain sna freagraí faoi theangacha nach mbíonn á dteagasc chomh coitianta sin, mar shampla Polainnis, Sínis (Mandairínis), Seapáinis agus Portaingéilis; baineann sé seo leis an rogha níos leithne atá ar fáil do dhaltáí Idirbhliana. I measc na dteangacha eile a luaigh freagróirí tá Teanga Chomharthaíochta na hÉireann, Cóiréis, Liotuáinis, Rómáinis agus Úcráinis.

Cuireadh ceist sa tsuirbhé an raibh daltaí ar bith ag an am sin ag foghlaim Nuatheanga lasachta mar ábhar breise sa tSraith Shóisearach nó sa tSraith Shinsearach. Léirítear in Tábla 11 agus in Fíor 6 gurb í an Pholainnis an teanga is mó rannpháirtíochta i ranganna taobh amuigh den scoil; tá daltaí in 35 faoin gcéad de na scoileanna a d’fhreagair ag déanamh staidéir ar an Pholainnis sa tSraith Shinsearach. Is í an Rúisis an dara teanga saibhrithe is coitianta; thuairiscigh 22 faoin gcéad de na scoileanna go bhfuil daltaí ag déanamh staidéir ar an Rúisis sa tSraith Shinsearach. Féadfaidh sé go mbaineann na figiúirí seo le próifíl na ndaltaí a d’fhreagair. Léirítear in Fíor 7 go bhfuil sé níos coitianta staidéar a dhéanamh ar theangacha taobh amuigh den scoil sa tSraith Shinsearach ná sa tSraith Shóisearach.

Teanga	An tSraith Shóisearach	An tSraith Shinsearach
Araibis	3.0%	8.2%
Sínis (Mandairínis)	3.0%	17.9%
Francis	3.7%	5.2%
Gearmáinis	3.0%	4.5%
Ní fios	27.6%	17.9%
Iodáilis	4.5%	15.7%
Seapáinis	0.7%	6.7%
Liotuáinis	3.7%	16.4%
Eile	3.7%	5.2%
Polainnis	11.2%	35.1%
Portaingéilis	5.2%	14.2%
Rúisis	6.0%	22.4%
Sign Teanga	3.0%	7.5%
Spáinnis	6.0%	13.4%

**Tábla 11:** An céatadán de na scoileanna a d’fhreagair ina bhfuil daltaí ag déanamh staidéir ar theanga bhreise



**Fíor 6:** An céatadán de na scoileanna a d’fhreagair ina bhfuil daltaí ag déanamh staidéir ar theanga bhreise

## Teangacha sa tSraith Shóisearach

Chuir *Treochtaí Teanga in Éirinn* ceist ar cheannairí scoile faoina gcur chuige i leith roghnú Nuatheangacha lasachta sa tSraith Shóisearach. Thuairiscigh breis agus leath de na scoileanna a d'fhreagair go gcaithfidh gach dalta Sraithe Sóisearaí Nuatheanga lasachta a roghnú agus molann 37 faoin gcéad eile go láidir go roghnóidh gach dalta teanga. Thug cúig scoil le fios go mbíonn díolúine ó bheith ag foghlaim Nuatheanga lasachta ag daltaí a bhfuil Riachtanais Bhreise Oideachais acu nó a bhfuil díolúine ón Ghaeilge acu.

Cuirtear Nuatheangacha lasachta ar fáil sa tSraith Shóisearach i mbloc aonair teangacha in 37 faoin gcéad de na scoileanna a d'fhreagair, agus

cuirtear teangacha ar fáil i níos mó ná bloc amháin i gcás 14 faoin gcéad acu. Bunaíonn tuairim is 30 faoin gcéad de na scoileanna a roghanna ar ord tosaíochta teangacha na ndaltaí. Cuireann cuid de na scoileanna roinnt teangacha ar fáil i ndiaidh dóibh bunchlár a dhéanamh ag tús na chéad bhliana a thugann blaiseadh de theangacha éagsúla. Rogha idir dhá theanga (Fraincis agus Spáinnis go minic) an soláthar is coitianta i measc na scoileanna a d'fhreagair, ach i líon beag scoileanna soláthraítear trí nó ceithre theanga, mar aon le gearrchúrsaí i dteangacha mar an tSínis. I measc na bhfachtóirí eile a mhúnlaíonn eagrú teangacha sa tSraith Shóisearach tá bainistiú scoile, an t-amchlár agus ord tosaíochta na ndaltaí.

Cur chuige i leith roghnú Nuatheangacha lasachta sa tSraith Shóisearach	Céatadán
Ní mór do gach scoláire Nuatheanga lasachta a dhéanamh	58%
Molann an scoil go láidir do gach scoláire Nuatheanga lasachta a dhéanamh	37%
Cuireann scoláirí a roghanna Nuatheanga lasachta in iúl in ord tosaíochta	30%
Cuirtear gach Nuatheanga lasachta ar fáil gach bliain	27%
Cuirtear ar chumas gach scoláire staidéar a dhéanamh ar a rogha Nuatheanga lasachta	25%
Ní bhíonn ranganna Nuatheangacha lasachta ar siúl mura mbíonn dóthain scoláirí ann	8%
D'fhéadfadh ceannaireacht na scoile comhairle a thabhairt do roinnt scoláirí gan staidéar a dhéanamh ar Nuatheanga lasachta	7%
Molann an scoil go láidir go ndéanfaidh na daoine is cumasaí ó thaobh na hacadúlachta de staidéar ar Nuatheanga lasachta	6%
Eile (sonraigh le do thoil)	6%
Ciallaíonn rianta amchláir nach féidir le gach scoláire Nuatheanga lasachta a dhéanamh	4%
Moltar do scoláirí a bhfuil leibhéal ghnóthachtála níos ísle ná an meán acu gan Nuatheanga lasachta a dhéanamh	1%


**Tábla 11:** Cur chuige i leith roghnú Nuatheangacha lasachta sa tSraith Shóisearach

Cuirtear Nuatheangacha lasachta ar fáil sa tSraith Shóisearach i mbloc aonair teangacha in 37 faoin gcéad de na scoileanna a d’fhreagair, agus cuirtear teangacha ar fáil i níos mó ná bloc amháin i gcás 14 faoin gcéad acu. Bunaíonn tuairim is 30 faoin gcéad de na scoileanna a roghanna ar ord tosaíochta teangacha na ndaltaí. Cuireann cuid de na scoileanna roinnt teangacha ar fáil i ndiaidh dóibh bunchlár a dhéanamh ag tús na chéad bhliana a thugann blaiseadh de theangacha éagsúla. Rogha idir dhá theanga (Fraincis agus Spáinnis go minic) an soláthar is coitianta i measc na scoileanna a d’fhreagair, ach i líon beag scoileanna soláthraítear trí nó ceithre theanga, mar aon le gearrchúrsaí i dteangacha mar an tSínis. I measc na bhfachtóirí eile a mhúnláíonn eagrú teangacha sa tSraith Shóisearach tá bainistiú scoile, an t-amchlár agus ord tosaíochta na ndaltaí.

Cuireadh ceist sa tsuirbhé cén céatadán den chohórt reatha sa tríú bliain atá ag foghlaim Nuatheanga lasachta sa tSraith Shóisearach. Thuairiscigh 125 scoil, is é sin beagnach ceithre scoil as gach cúig cinn, go bhfuil 80 faoin gcéad nó níos mó dá gcuid daltaí sa tríú bliain ag déanamh staidéir ar Nuatheanga lasachta.

An céatadán den chohórt reatha sa tríú bliain atá ag foghlaim Nuatheanga lasachta don tSraith Shóisearach	An céatadán de na scoileanna a d’fhreagair (n=125)
15%	1.6%
20%	0.8%
25%	2.4%
30%	1.6%
35%	1.6%
40%	2.4%
50%	1.6%
55%	1.6%
60%	1.6%
65%	0.8%
70%	2.4%
75%	2.4%
80%	6.4%
85%	9.6%
90%	18.4%
95%	23.2%
100%	21.6%


**Tábla 13:** An cohórt reatha tríú bliana atá ag foghlaim Nuatheanga lasachta



**Fíor 7:** Céatadán de dhaltai atá ag déanamh staidéir ar níos mó ná Nuatheanga lasachta amháin sa tSraith Shóisearach

Cuireadh ceist ansin ar cheannairí scoile faoi líon na ndaltaí atá ag déanamh staidéir ar níos mó ná Nuatheanga lasachta amháin sa tSraith Shóisearach. Thuairiscigh idir 63 agus 68 faoin gcéad de na scoileanna nach bhfuil aon dalta ag déanamh staidéir ar níos mó ná teanga amháin sa chéad, sa dara nó sa tríú bliain, mar atá léirithe in Fíor 8. Níor luaigh ach 5 faoin gcéad de na scoileanna go bhfuil gach dalta sa chéad bhliain ag déanamh staidéir ar níos mó ná teanga amháin.

Nuair a cuireadh ceist faoi athruithe sna trí bliana a chuaigh thart ar chion na ndaltaí a dhéanann staidéar ar Nuatheanga lasachta sa tSraith Shóisearach, thug 56 faoin gcéad de na scoileanna uile a d’fhreagair go bhfuil sé go fóill éigeantach do gach dalta ina scoil féin staidéar a dhéanamh ar Nuatheanga lasachta sa tSraith Shóisearach; dúirt díreach os cionn 20 faoin gcéad de na scoileanna a d’fhreagair nach bhfuil athrú tagtha ar na figiúirí. Níor thuairiscigh ach 11 faoi chéad go bhfuil níos lú daltaí ag roghnú teangacha sa tSraith Shóisearach.




**Fíor 8:** Athruithe le trí bliana anuas ar chion na ndaltaí atá ag foghlaim teanga sa tSraith Shóisearach

## Teangacha sa tSraith Shinsearach

Tá an soláthar Nuatheangacha lasachta fairsing sa tSraith Shinsearach; thug 97 faoin gcéad de na freagróirí le fios go mbíonn teangacha á gcur ar fáil ina n-iomláine ina scoil féin. Níor chuir ach trí cinn as an 134 scoil in iúl nach raibh soláthar Nuatheangacha lasachta acu sa tSraith Shinsearach agus dúirt scoil amháin go mbíonn comhsholáthar acu le scoil ina aice leo. Lena chois sin, tá roghnú teangacha sa tSraith Shinsearach an-ard; chláraigh breis agus 80 faoin gcéad de na scoileanna go bhfuil níos mó ná 20 dalta acu ag déanamh staidéir ar theanga amháin ar a laghad sa 4ú Bliain, ach ba amhlaidh an scéal i gcás tuairim is 70 faoin gcéad de na scoileanna maidir leis an 5ú Bliain agus leis an 6ú Bliain. Tá na figiúirí seo i gcontrárthacht mhór leis an tsoláthar iar-16 bliana d'aois sa Ríocht Aontaithe, áit a bhfuil líon na ndaltaí a roghnaíonn teangacha íseal ag an leibhéal seo agus ina mbíonn ranganna beag, má réachtáiltear ar chor ar bith iad. Léiríonn Tábla 14 agus Fíor 9 go soiléir an rannpháirtíocht ard ó thaobh teangacha sa tSraith Shinsearach in Éirinn.

Líon daltaí	4ú Bliain (n=129)	5ú Bliain (n=131)	6ú Bliain (n=131)
Duine ar bith	5.4%	6.1%	6.1%
Cúigear nó níos lú	9.3%	12.2%	11.5%
6-10	3.9%	5.3%	3.8%
11-15	0.0%	2.3%	3.1%
15-20	0.8%	3.1%	6.1%
Níos mó ná 20	80.6%	71.0%	69.5%

**Tábla 14:** Cá mhéad dalta Sraithe Sinsearaí i do scoil atá ag déanamh staidéir faoi láthair ar Nuatheanga lasachta amháin ar a laghad?



**Fíor 9:** Céatadán de na scoileanna a d'fhreagair a thug le fios go bhfuil Daltaí Sraithe Sinsearaí ag déanamh staidéir ar Nuatheanga lasachta amháin ar a laghad

Sa chás nach raibh ach líon beag daltaí ag iarraidh staidéar a dhéanamh ar Nuatheanga lasachta sa tSraith Shinsearach, dúirt breis agus leath de na scoileanna a d'fhreagair (n=128) nach fadhb é sin (27 faoin gcéad) nó go reáchtálfai na ranganna beag beann ar líon na ndaltaí (26 faoin gcéad). In 19 faoin gcéad de na scoileanna, ní reáchtálfai na ranganna, agus in 16 faoin gcéad de na scoileanna thiocfaí ar rogha ailtéarnach, mar shampla amchlár laghdaithe (8.6 faoin gcéad), comhshocruithe le scoil eile (3.1 faoin gcéad) nó ranganna dhá leibhéal (4.7 faoin gcéad). Sna scoileanna sin ina mbíonn íoslíon daltaí de dhíth le cúrsa teanga a reáchtáil sa tSraith Shinsearach, idir sé dhalta agus deich ndalta a bhíonn i gceist de ghnáth.

Mar is amhlaidh sa tSraith Shóisearach, is í an Fhraincis an teanga is minice teagaisc sa tSraith Shinsearach; níor thug ach trí scoil le fios nach múineann siad Fraincis. Mar sin féin, dúirt 41 faoin gcéad de na scoileanna a d'fhreagair go raibh laghdú tagtha ar roghnú na Fraincise le trí bliana anuas, agus chláraigh 25 faoin gcéad de na scoileanna go raibh laghdú tagtha ar roghnú na Gearmáinise. Mar mhalairt air sin, chuir 35 faoin gcéad de na scoileanna a d'fhreagair in iúl go raibh méadú tagtha ar líon na ndaltaí a roghnaigh an Spáinnis go leibhéal na hArdeistiméireachta. Is í an tSínis an teanga is coitianta a thugtar isteach mar ábhar nua san Idirbhliain; tugann 17 faoin gcéad de na scoileanna a d'fhreagair isteach í sna trí bliana deireanacha.

Teanga	Tugtha isteach mar ábhar nua Ardeiste	Tugtha isteach mar ábhar nua Idirbhliana	Roghnú méadaithe	Roghnú seasta	Roghnú laghdaithe	Deireadh curtha leis mar ábhar	Ní mhúintear í i mo scoilse
Araibis	0.0%	0.0%	0.0%	2.2%	0.0%	0.0%	68.7%
Sínis (Mandairínis)	1.5%	17.2%	2.2%	1.5%	0.7%	1.5%	53.0%
Fraincis	0.0%	0.0%	3.7%	41.0%	41.0%	0.0%	2.2%
Gearmáinis	0.0%	1.5%	6.0%	23.9%	24.6%	2.2%	24.6%
Iodáilis	0.7%	3.0%	3.0%	3.7%	0.7%	2.2%	64.2%
Seapáinis	0.7%	2.2%	1.5%	1.5%	0.0%	1.5%	64.2%
Liotuáinis	0.0%	0.0%	0.7%	0.0%	0.0%	0.0%	69.4%
Polainnis	0.0%	3.0%	3.0%	3.0%	0.0%	0.0%	62.7%
Portaingéilis	0.0%	2.2%	0.7%	0.0%	0.0%	0.0%	67.2%
Rúisis	0.0%	0.0%	0.7%	1.5%	0.7%	0.7%	66.4%
Spáinnis	3.7%	6.0%	35.1%	19.4%	1.5%	0.0%	23.1%

**Tábla 15:** Sna trí bliana seo a chuaigh thart, cad iad na hathruithe a bhí ann, dá mba ann dóibh ar chor ar bith, maidir le roghnú agus soláthar Nuatheangacha lasachta sa tSraith Shinsearach i do scoil?

Thug breis agus 60 faoin gcéad de na freagróirí le fios nach bhfuil Araibis, Iodáilis, Seapáinis, Liotuáinis, Polainnis, Portaingéilis ná Rúisis ar fáil ina scoil féin.

Nuair a iarradh ar na freagróirí trácht a dhéanamh ar na cúiseanna atá leis na treochtaí atá ag teacht chun cinn i roghnú teangacha áirithe, dúirt beagnach 20 faoin gcéad acu gurb í an phríomhchúis atá leis go gcreidtear go bhfuil an Spáinnis furasta i gcomparáid le teangacha eile. I measc na gcúiseanna eile a luaíodh tá suim i dteangacha ar leith agus éileamh a bheith orthu, rud a théann chun dochair do theangacha eile, agus athruithe foirne nó deacrachtaí múinteoirí a earcú. Luaigh roinnt ceannairí scoile na hathruithe san ardoideachas chomh maith agus gan Nuatheanga lasachta a bheith ina riachtanas máithreánaithe chomh mór céanna a bhíodh san am a chuaigh thart.


*“Tá an t-éileamh ar an Ghearmáinis an-íseal anois. Tá an t-éileamh ar an Spáinnis méadaithe go suntasach mar creidtear gur teanga “níos fusa” í ná an Fhraincis ná an Ghearmáinis. Tá níos mó mac léinn a bhfuil riachtanais bhreise foghlama acu ag roghnú na Spáinnise, mar creidtear go bhfuil sí níos éasca.”*

*“Bíonn tionchar ar athruithe ar an tsoláthar Nuatheangacha lasachta sa tSraith Shinsearach ag an éileamh ó dhaltaí, ag srianta foirne agus sceidealaithe, ag forbairtí curaclaim, ag tacaíocht do theangacha agus a gcur chun cinn sa scoil, agus ag ceisteanna níos leithne sa tsochaí agus sa phobal, agus ag an ghá lena chinntiú go bhfreastalaíonn cúrsaí ar cheisteanna praiticiúla agus ar shuimeanna na ndaltaí araon.”*

*“Roghnaíonn daltaí í sa chás amháin ina bhfuil sé éigeantach don mháithreánú. Bíonn cuid de na daltaí ag déanamh staidéir ar an ábhar ag an Ghnáthleibhéal taobh amuigh den scoil mar straitéis ar mhaithe le máithreánú agus ag roghnú ábhair a ndéanfaidh siad staidéar air ar scoil, áit a bhfaighidh siad 5 rang teagaisc sa tseachtain. Bíonn daltaí ag streachailt leis an bhearna mhór idir leibhéal an ábhair sa tSraith Shóisearach agus sa tSraith Shinsearach, agus cé go roghnaíonn siad an t-ábhar ag tús na cúigiú bliana, imíonn siad roimh i bhfad má shíleann siad go bhfuil an t-ábhar deacair.”*

## An Ghné Idirnáisiúnta

Chuir *Treochtaí Teanga in Éirinn* ceist ar cheannairí scoile cad iad na deiseanna atá ar fáil ach an ghné idirnáisiúnta dá scoil a fhorbairt. Léirítear in Fíor 10 na bealaí éagsúla ina mbíonn scoileanna ag plé le heagrais idirnáisiúnta agus scoileanna comhpháirtíochta. Bhí teagmháil ag beagnach leath de na scoileanna a d'fhreagair le hinstiúidí cultúrtha amhail Institiúid Confucius, Goethe-Institut, Alliance Française, Instituto Cervantes agus Istituti Iodáilisi di cultura. Tá scoil idirnáisiúnta chomhpháirtíochta ag 35 faoin gcéad de na scoileanna, agus tá 29 faoin gcéad acu páirteach in Erasmus.



**Fíor 10:** Cad iad na deiseanna atá ar fáil do dhaltaí agus/nó do mhúinteoirí i do scoil féin taithí idirnáisiúnta a fháil?

I measc na ngníomhaíochtaí eile tá cairde pinn, turais scoile, malartuithe agus Cúntóir Teanga isteach. Thug 35 faoin gcéad de na freagróirí le fios go mbíonn malartuithe ag a scoil féin le scoileanna idirnáisiúnta, agus bíonn a lán scoileanna ag óstú daltaí idirnáisiúnta; dúirt 31 faoin gcéad eile go dtugann siad na daltaí ar thurais idirnáisiúnta chuig na tíortha sin ina mbíonn an teanga a bhfuil siad ag déanamh staidéir uirthi á labhairt. Luaigh 11 faoin gcéad de na freagróirí an tábhacht a bhaineann le ham a chaitheamh thar sáile san Idirbhliain. Dúirt 9 faoin gcéad de na scoileanna nach bhfuil gné idirnáisiúnta ar bith ag baint leo.

Thuairiscigh 90 faoin gcéad de na scoileanna go dtuigeann an Fhoireann Shinsearach Cheannaireachta an luach atá le soghluaisteacht idirnáisiúnta agus go dtacaíonn siad léi; ní dúirt ach 7 faoin gcéad nach mbíonn tacaíocht le fáil ó cheannairí na scoile. Mar sin féin, léiríodh réadúlacht sna freagraí faoi na dúshláin a bhaineann le scéimeanna idirnáisiúnta. Thug scoileanna DEIS le fios go bhfuil constaicí ar lán-rannpháirtíocht ag na daltaí uile sa ghné idirnáisiúnta de shaol na scoile.

*“Tuigeann na ceannairí scoile go mór an luach atá le soghluaisteacht idirnáisiúnta agus tacaíonn siad léi. Cuireann siad taisteal thar sáile ag múinteoirí agus daltaí araon chun cinn go gníomhach agus éascaíonn siad é; cuireann siad treoir, áiseanna agus tacaíocht lóistíochtúil ar fáil le rannpháirtíocht a dhéanamh chomh réidh agus is féidir. Aithníonn na ceannairí na buntáistí oideachasúla agus cultúrtha a bhaineann le heispéiris chultúrtha; cuireann siad comhoibriú le scoileanna i dtíortha eile chun cinn agus cothaíonn siad meon sa scoil a thuigeann an luach atá le feacht dhomhanda, foghlaim teangacha agus tuiscint idirchultúrtha.”*

*“Tá an fhoireann curtha ar an eolas faoi na féidearthachtaí do mhúinteoirí a bhaineann le scéimeanna Erasmus agus cuireann an lucht bainistíochta in iúl go bhfuil siad i bhfách le soghluaisteacht idirnáisiúnta. Go réadúil, áfach, ní bhíonn mórán ama ag múinteoirí agus ní bhíonn sé d’acmhainn acu tabhairt faoina leithéid de dheis. Lena chois sin, ó thaobh na hÉireann de, tá an maorlathas a bhaineann le scéimeanna mar Erasmus ina bhac ar a lán múinteoirí.”*

*“Tapaímid an oiread deiseanna agus is féidir linn go réasúnta. Scoil DEIS atá ionainn agus tá díothú socheacnamaíochta i gceist le sciar suntasach dár ndaltaí. Is suim linn go mór i gcónaí a bheith bainteach le cláir nach mbíonn rannpháirtíocht iontu ag brath ar acmhainní airgeadais an dalta. Bíonn sé seo deacair in amanna, ach tá an t-ionchuimsiú mar chroíphrionsabal againn.”*


## Dúshlán

Iarradh ar cheannairí scoile sa tsuirbhé na dúshlán atá le sárú le heispéiris ardcháilíochta foghlama Nuatheangacha lasachta a sholáthar do na daltaí sa scoil acu a rangú. Léirítear in Tábla 16 leathadh na bhfreagróirí de réir na ndúshlán a roghnaigh siad.

Dúshlán atá le sárú le heispéiris ardcháilíochta foghlama Nuatheangacha lasachta a sholáthar do dhaltáí	An príomh-dúshlán	An dara dúshlán is mó	An tríú dúshlán is mó	An ceathrú dúshlán is mó	An cúigiú dúshlán is mó
Ní fheictear do na daltaí go mbeidh foghlaim Nuatheanga lasachta ábhartha ina slí bheatha amach anseo	20.9%	18.7%	11.9%	10.4%	3.7%
Easpa deiseanna ag daltaí cleachtadh a dhéanamh ar an Nuatheanga lasachta taobh amuigh den tseomra ranga	21.6%	22.4%	6.0%	8.2%	5.2%
Níl foghlaim Nuatheanga lasachta ina thosaíocht ag tuismitheoirí	7.5%	15.7%	16.4%	6.7%	5.2%
Béarla domhanda (i. tábhacht an Bhéarla mar theanga dhomhanda)	19.4%	11.9%	8.2%	5.2%	6.0%
Easpa ama curaclaim do Nuatheangacha lasachta	11.2%	3.0%	6.0%	3.7%	6.0%
Easpa deiseanna Foghlama Gairmiúla Múinteoirí do mhúinteoirí Nuatheangacha lasachta	3.7%	3.7%	6.7%	3.0%	4.5%
An dóigh a marcáiltear agus a ndéantar scrúduithe seachtracha Nuatheangacha lasachta a ghrádú	2.2%	1.5%	2.2%	4.5%	5.2%
Cineál agus ábhar scrúduithe seachtracha Nuatheangacha lasachta	0.7%	3.7%	1.5%	3.0%	3.7%
Ní chuirtear Nuatheangacha lasachta chun cinn ag leibhéal na scoile uile mar rogha do shlí bheatha	0.7%	2.2%	2.2%	3.7%	1.5%
Ní bhíonn gach dalta in ann Nuatheanga lasachta a roghnú mar gheall ar shrianta clár ama	0.7%	0.7%	2.2%	2.2%	3.7%
Easpa rochtaine ar ábhar teagaisc do Nuatheangacha lasachta (m.sh. téacsleabhair)	0.7%	2.2%	0.7%	1.5%	0.7%
Níl foghlaim Nuatheangacha lasachta ina thosaíocht ag ceannairí na scoile	3.7%	0.0%	0.7%	0.0%	0.7%

**Tábla 16:** Dúshlán atá le sárú le foghlaim ardcháilíochta Nuatheangacha lasachta a sholáthar; an céatadán a roghnaigh an rangú i gcás gach dúshlán ar leith

Mar atá léirithe in Fíor 11, is iad na dúshláin is mó go foriomlán, i ngach rangú, nach léir do dhaltáí go bhfuil foghlaim teangacha ábhartha agus go gcreidean na Foirne Sinsearacha Ceannaireachta go bhfuil easpa deiseanna ann do dhaltáí a dteanga a chleachtadh nó a úsáid taobh amuigh den tseomra ranga. Tá an dara gné ann, mar atá an dearcadh i leith teangacha go ginearálta. Baineann an tríú agus an ceathrú dúshlán is coitianta le meon tuismitheoirí i leith foghlaim teangacha agus stádas an Bhéarla mar ‘Theanga Dhomhanda’, agus is fachtóirí iad sin araon a chuireann isteach ar mhian na ndaltaí teangacha a fhoghlaim.



**Fíor 11:** Dúshlán atá le sárú le heispéiris ardcháilíochta foghlama Nuatheangacha lasachta a sholáthar de réir Fhoirne Sinsearacha Ceannaireachta


Nuair a iarradh orthu machnamh a dhéanamh ar an dóigh is fearr le dul i ngleic leis na dúshlán seo, dhírigh freagróirí ó Fhoirne Sinsearacha Ceannaireachta ar an teagasc agus ar mhúinteoirí, go háirithe ar an ghá atá le níos mó múinteoirí cáilithe nó do dheiseanna forbartha gairmiúla do na múinteoirí atá ann cheana (luaite in 20 faoin gcéad de na freagraí ar an cheist seo):

*“Ciondáileadh múinteoirí ex quota lena chinntiú go mbíonn na ranganna leath chomh beag agus a bhíonn de ghnáth do cheachtanna Nuatheangacha lasachta ionas go mbíonn oideachas níos spriocdhírthe ag daltaí i Nuatheangacha lasachta. Cheapfaí múinteoirí as tíortha eile mar níl mórán anseo in Éirinn a bhfuil cáilíocht agus aitheantas foirmiúil acu.”*

*“Forbairt Ghairmiúil Leanúnach lena chinntiú go mbíonn múinteoirí muiníneach agus áiteanna ábhartha, spráúla do na daltaí á ndéanamh acu dá seomraí ranga.”*

*“Tá earcaíocht ina mórdhúshlán – tá easpa múinteoirí atá cáilithe go cuí ann.”*

Go deimhin, mar is léir in Fíor 12, is fadhb shuntasach é earcú múinteoirí. ‘Tá’ a bhí mar fhreagra ag 55 faoin gcéad de na scoileanna ar an cheist faoi earcú múinteoirí. Dúirt trí scoil gur fadhb shuntasach é múinteoirí ionadaíochta fóirsteanacha a aimsiú.



### Fíor 12: An bhfuil earcú múinteoir cáilithe Nuateanga lasachta ina fhadhb?

Bhí an dara sraith ann de réitigh ar na mórdhúshláin a bhaineann le teagasc teangacha, mar atá feasacht ar mhéadú ar an luach agus ar an tairbhe a bhaineann le foghlaim teangacha:

*“Fócas náisiúnta ar thábhacht Nuatheangacha lasachta i gcomhthéacs an AE agus, i gcomhthéacs domhanda, ar na deiseanna atá ann do chainteoirí Béarla a bhfuil Nuatheanga lasachta nó dhó ag leibhéal ar leith acu.”*

*“Scoileanna luach a chur leis an tábhacht a bhaineann le teangacha istigh sa tseomra ranga agus taobh amuigh de araon.”*

*“Tá maoiniú agus tosaíochtaí uile an rialtais dírithe ar STEM faoi láthair. B’fhéidir athdhíriú ar Nuatheangacha lasachta ag leibhéal an rialtais agus an stáit.”*

An tríú moladh coitianta ab ea an cion ama a chuirtear ar fáil d’fhoghlaim Nuatheangacha lasachta a mhéadú:

*“Tá an t-ualú am curaclaim ar mhaithe le hábhair neamhchuraclaim ag cur isteach go mór ar fad ar ghnóthachtáil in ábhair scrúdaithe. Tá sé ag éirí níos deacra de réir a chéile ábhar an chúrsa a chlúdach taobh istigh d’achar ama laghdaithe.”*

*“Is gá tuilleadh ama a chur ar fáil ar an chlár ama le Nuatheangacha lasachta a theagasc. Chuige sin, beidh gá le laghdú áit éigin eile sa churaclam. Ó tugadh isteach na huaireanta Folláine sa tSraith Shóisearach, tá laghdú tagtha ar an mhéid ama atá ar fáil d’ábhair eile, Nuatheangacha lasachta san áireamh. Bíonn trí rang 40 nóiméad againn sa tseachtain sa chéad bhliain; ní féidir mórán dul chun cinn a dhéanamh ó thaobh an eispéireas teagaisc agus foghlama agus an t-am atá ar fáil do theagasc agus foghlaim chomh gann sin*

Agus béim á cur ar ábharthacht agus tábhacht teangacha, d'fhiafraigh *Treochtaí Teanga in Éirinn* cén chomhairle agus treoir a bhí ar fáil do dhaltaí. I gcomhthéacs cur chuige uile-scoile i leith Treorach, thug freagróirí le fios gurb iad na Treoirchomhairleoirí go príomha a chuireann eolas ar fáil (59 faoin gcéad de na scoileanna a d'fhreagair), agus gurb iad na múinteoirí Nuatheangacha lasachta a thugann comhairle ghairme in 16 faoin gcéad de na scoileanna. Eagraíonn 14 faoin gcéad de na scoileanna imeachtaí gairme ag a dtugtar comhairle faoi theangacha, lena n-áirítear aonaigh ghairmeacha, eolas ó TIBÉ agus teangacha san Idirbhliain. Aithníonn cuid de na scoileanna an brú atá ar ranna Treorach, áfach, agus go bhfuil gá le feabhsúcháin sa réimse seo.

*“Bíonn an fhoireann Treorach ag cur Nuatheangacha lasachta chun cinn go gníomhach. Ní ceadmhach do dhaltaí éirí as teanga gan dul i gcomhairle lena thuismitheoirí agus leis an fhoireann treorach ná gan cead ón Phríomhoide.”*

*“Déantar é seo ar dhá bhealach: eolas praiticiúil agus tríd an chultúr/trí eispéiris. Bíonn an lán imeachtaí gairmeacha ar siúl sa scoil féin, le linn cuairteanna ar ollscoileanna agus ag imeachtaí lárnaíthe. Cuirimid teangacha chun cinn le linn #ThinkTeangas (TIBÉ) agus i mí Feabhra cuirimid béim ar an tábhacht atá leis na teangacha a labhraítear sa bhaile, tráth a dhéanaimid suirbhéireacht ar phobal na scoile. Glacaimid páirt i Seachtain na Gaeilge i mí an Mhárta agus daingnímid tábhacht na dteangacha. Bíonn comharthaí agus ceachtanna ann a dhéanann tagairt do dheiseanna gairme agus do na buntáistí a bhaineann leis na himeachtaí seo.”*

*“Is réimse í comhairle ghairme atá le feabhsú go ginearálta inár scoil féin. Tá tóir an-mhór ar an Rannóg Threorach i dtaca le comhairleoireacht/tógáil caidreamh agus teacht aniar, agus in amanna caitear am orthu sin in áit na gairmthreorach. Mar iarracht le cothromaíocht a bhaint amach, tá gairmeacha curtha leis an amchlár i mbliana do gach bliainghrúpa.”*

Cuireadh ceist ar cheannairí scoile cén maoiniú atá curtha ar fáil do theagasc Nuatheangacha lasachta i mbliana. Léirítear in Tábla 17 an éagsúlacht foinsí as a dtagann maoiniú. An fhoinse maoinithe is coitianta is ea buiséad na scoile féin (44 faoin gcéad). Thuairiscigh 37 faoin gcéad de na scoileanna, áfach, nach bhfuair siad maoiniú breise ó fhoinse ar bith, rud a léiríonn go mb'fhéidir go mbeadh gá le tuilleadh tacaíochta do Nuatheangacha lasachta ag gach leibhéal.

Foinse maoinithe	Céatadán de na scoileanna a d'fhreagair
Acmhainní áitiúla (lena n-áirítear buiséad bliantúil na roinne agus comhlíonadh iarratais bhreise)	44.3%
Gan aon mhaoiniú a bheith ar fáil	36.8%
Erasmus +	10.4%
TIBÉ	5.7%
An Roinn Oideachais agus Óige	2.8%
Maoiniú do Chúntóir Teanga	1.9%
Léargas	1.9%

**Tábla 17:** Foinsí maoinithe don bhliain acadúil 2025-26

## Bearta rathúla

Léiríonn na freagraí a cuireadh chuig *Treochtaí Teanga in Éirinn* go mór agus go suntasach go bhfuil múinteoirí Nuatheangacha lasachta ag obair go dian le hoideachas ardcháilíochta a chur ar fáil. Luaigh níos mó ná 60 faoin gcéad de na freagróirí cáilíocht, tiomantas agus díograis a bhfoirne múinteoireachta, a bhíonn ag comhoibriú le daoine eile le cur le timpeallachtaí éifeachtacha teagaisc agus foghlama Nuatheangacha lasachta ina scoil féin:

*“Múinteoirí iontacha, an-phaiseanta faoina n-ábhair féin. Tá an scoil againne an-acadúil, agus roghnóidh na daltaí an t-ábhar sa chás sin amháin go bhfuil a fhios acu gur féidir go n-éireoidh go han-mhaith leo ann. Déanann na múinteoirí iarracht mhór a n-ábhair féin a chur chun cinn.”*

*“Tá grúpa rí-láidir múinteoirí againn a bhíonn ag obair go dlúth le chéile sa cheithre theanga agus a bhíonn ag tacú le chéile go leanúnach.”*

*“Mar ábhar éigeantach sa tSraith Shóisearach, tá roinn an-láidir Nuatheangacha lasachta don cheithre theanga sa scoil. Bíonn na teangacha á dteagasc go paiseanta agus bíonn na daltaí lánpháirteach sa phróiseas foghlama. Tá 92% de na daltaí sa 6ú bliain ag déanamh staidéir ar Nuatheanga lasachta don Ardteist, rud atá ina tháscaire tábhachtach ar an tóir atá ar na hábhair sin.”*

I measc na ngnéithe eile de theagasc teangacha a luaitear go minic mar ghnéithe a n-éiríonn leo tá: daltaí a bheith páirteach go maith i dteangacha (11 faoin gcéad), Cúntóirí Teanga agus béim ar scileanna teanga labhartha (10 faoin gcéad) agus meon níos leithne a bheith sa scoil ina gcuirtear an éagsúlacht chun cinn:

*“Bíonn an deis ag gach dalta atá ag iarraidh staidéar a dhéanamh ar an Fhraincis nó ar an Spáinnis déanamh amhlaidh. Rinne muid suirbhéireacht ar na daltaí agus lean muid a mian siúd an Spáinnis seachas an Ghearmáinis a dhéanamh.”*

*“Bíonn béim láidir ar scileanna cumarsáide, labhairt agus éisteacht go háirithe, i gcomhar le hullmhúcháin do na scrúduithe stáit. Spreagtar na daltaí le muinín, feasacht chultúrtha agus tuiscint ar a ábhartha atá teangacha taobh amuigh den tseomra ranga a fhorbairt.”*

*“Tá ag éirí go maith le Nuatheangacha lasachta sa scoil againne mar gheall ar choimitmint láidir uile-scoile d’fhoghlaim teangacha, cleachtais éifeachtacha teagaisc agus teagmháil dhearfach le daltaí [...] Léiríonn ceannairí na scoile go gníomhach tuiscint ar an luach atá le teangacha agus cuireann siad chun cinn iad, rud a chuireann le roghnú teangacha ag daltaí, inspreagadh láidir ag na foghlaimeoirí, agus cultúr saibhir teangacha scoile a thacaíonn le heispéiris ardcháilíochta foghlama Nuatheangacha lasachta.”*

## Nithe le feabhsú

Cé gur thug formhór na scoileanna le fios gurb iad na múinteoirí an ní is fearr faoin tsoláthar Nuatheangacha lasachta, nuair a cuireadh ceist orthu cad é is féidir a dhéanamh ina scoil féin agus/ nó ag leibhéal na hÉireann (leibhéal an chórais) le foghlaim Nuatheangacha lasachta a fheabhsú, dhírigh 25 faoin gcéad de na ceannairí scoile aird ar an ghá atá le tuilleadh múinteoirí agus le tuilleadh deiseanna forbartha gairmiúla don fhoireann atá ann cheana. Luaigh 20 faoin gcéad de na freagróirí an gá le níos mó maoinithe, agus chuir 14 faoin gcéad béim ar an ghá atá leis an amhlár a athshlánú le go mbeidh tuilleadh am teagaisc ann do na teangacha agus le cothromaíocht ábhar a bhaint amach sa churaclam arís, óir is minic na teangacha thíos leis.

*“Ag an Tríú Leibhéal, a chinntiú go mbíonn siad siúd a bhfuil sé de rún acu dul leis an mhúinteoireacht, go bhfuil siad oilte sa sprioctheanga acu agus go bhfaigheann siad oiliúint dhian, fhóirsteanach réamhsheirbhíse a chuimsíonn oideolaíocht, bainistiú an tseomra ranga agus freastal ar riachtanais bhreise.”*

*“Le foghlaim Nuatheangacha lasachta a fheabhsú ag leibhéal na scoile agus ag leibhéal náisiúnta araon, d’fhéadfaí am curaclaim do Nuatheangacha lasachta a mhéadú sa tSraith Shóisearach agus sa tSraith Shinsearach, agus ba chóir níos mó deiseanna Foghlama Gairmiúla do Mhúinteoirí agus tacaíocht leanúnach a chur ar fáil.”*

*“Ag leibhéal an chórais, d’fhéadfaidh na nithe seo a leanas a bheith i measc na bhfeabhsúchán a dhéanfaí: maoiniú spriocdhírithé do Nuatheangacha lasachta, tuilleadh*

*am curaclaim agus solúbthachta, teachtaireacht náisiúnta níos láidre faoi luach na dteangacha, leanúnachas feabhsaithe ón bhunoideachas go dtí an t-oideachas iar-bhunscoile, agus cuir chuige i leith measúnaithe a thugann tús áite do chumas cumarsáide agus d’ionchuimsiú. Le chéile, thacódh na bearta seo le soláthar ardcháilíochta inbhuanaithe Nuatheangacha lasachta.”*

Tá cuid de na fadhbanna seo le feiceáil níos mó i scoileanna atá páirteach sa chlár DEIS. Moladh a bhí ag freagróirí amháin:

*“Maoiniú breise do thionscadail soghluaisteachta. Ná bíodh an páipéarachas chomh casta, trom sin – Tá i bhfad an iomarca le déanamh ag múinteoirí cheana féin agus ní féidir leo dul i ngleic leis na hiarratais fhadálacha! Maoiniú do Theanglann/cluasáin agus acmhainní bogearraí do scoileanna. Tá tuilleadh maoinithe agus tacaíochta de dhíth ar scoileanna DEIS mar ní chreidtear go bhfuil Nuatheangacha lasachta tábhachtach. Déanfaidh scoileanna DEIS tosaíocht de STEM/ printíseachtaí; ní bhíonn aon aird ar Nuatheangacha lasachta.”*

*“Straitéis dírithe go háirithe ar scoileanna DEIS trína léireofar meas agus lena gcuirfear luach ar an chóhort scoile againne staidéar a dhéanamh ar Nuatheanga lasachta, go háirithe ó thaobh fostaíochta sa todhchaí. Bíonn na deiseanna le cuairt a thabhairt ar na tíortha sin srianta do na ceantair a mheallann a lán turasóirí, áiteanna ina mbíonn Béarla á labhairt go forleathan. Ní thuigeann daltaí de ghnáth a ábhartha atá staidéar ar theanga iasachta.”*

Luaigh tuairim is 20 faoin gcéad de na freagróirí an gá atá leis an churaclam agus an córas scrúdúcháin a athchóiriú, agus moladh gur chóir tosaíocht a dhéanamh den ghné labhartha d'fhoghlaim teangacha:

*“Ba chóir tús áite a thabhairt don ghné labhartha agus marcanna a bhronnadh dá réir. Ba chóir go mbláthódh daltaí agus teanga á labhairt acu agus marcanna a fháil dá réir.”*

*“Amharc ar an churaclam, déan insroichte é, cuir ualach níos mó ar na gnéithe labhartha agus éisteachta ionas gur féidir leis na daltaí comhrá a dhéanamh le fírinne nuair a théann siad thar sáile.”*

*“Níl ag éirí leis an scrúdú comhleibhéil sa tSraith Shóisearach i gcás daltaí ag dhá cheann an speictrim, ard agus íseal [...] tá an dalta a n-éireodh go maith leis sa tseanpháipéar gnáthleibhéil faoi mhíbhuntáiste ag an chomhleibhéil agus is gearr go gcailleann sé misneach, agus ar an dóigh chéanna níl sé chomh dúshlánach ag an bhíodh an t-ardleibhéil don dalta níos cumasaí.”*


An tsraith dheiridh atá i gcoitianta ná an tábhacht atá le deiseanna idirnáisiúnta le hábharthacht foghlaim teangacha a chur chun cinn agus, ag éirí as sin, le béim a chur ar an luach a bhaineann le foghlaim teangacha:

*“D'fhéadfaí an meon cruaithe seo a athrú ach foghlaim teangacha a chur chun cinn mar thacar scileanna (ní mar eolas amháin) agus tuiscint ar chultúir eile a bhaint amach. Ba chóir gur ceiliúradh ar theangacha, ceol, bia, tíreolaíocht, srl. a bheadh i gceist le foghlaim Nuatheangacha lasachta, ach tá sé an-deacair é sin a dhéanamh faoi láthair i rang 40 nóiméad 4 uair sa tseachtain.”*

*“Dá mbeadh béim níos mó ar luach na Nuatheangacha lasachta san fhostaíocht, soghluaisteacht agus dul chun cinn, bheadh inspreagadh agus roghnú teangacha níos láidre. Bheadh sé ina chuidiú mór ag daltaí na fíordheiseanna inlámhsithe a bhíonn ar fáil tríd an ilteangachas a thuiscint ach naisc a léiriú níos soiléire idir foghlaim teangacha agus gairmeacha in institiúidí an AE, an Coimisiún Eorpach agus Parlaimint na hEorpa go háirithe.”*

# Torthaí ón Chéad Bhliain Iar-bhunscoile

Fuarthas 1,309 freagra ar an tsuirbé ar lucht na chéad bhliana san iar-bhunscoil ó 37 scoil éagsúil. Baineannaigh a bhí in 65 faoin gcéad de na freagróirí, fireannaigh a bhí in 33 faoin gcéad acu agus 'eile' nó 'b'fhearr liom gan a rá' a roghnaigh an chuid eile. Nuair a cuireadh ceist orthu ar chóir go mbeadh teangacha éigeantach sa bhunscoil, dúirt 85 faoin gcéad de na daltaí gur chóir go mbeadh an deis ag daltaí bunscoile Nuatheangacha lasachta a fhoghlaim dá mba mhian leo, agus ní dúirt ach 14.3 faoin gcéad gur chóir go mbeadh ar dhaltaí bunscoile Nuatheanga lasachta a fhoghlaim. Níor fhoghlaim breis agus leath de na daltaí a d'fhreagair Nuatheanga lasachta agus iad ar an bhunscoil. Maidir leo siúd a raibh teanga foghlamtha acu, Spáinnis an ceann ba mhó foghlama agus Francís a bhí sa dara háit. Léirítear in Fíor 13 leathadh na dteangacha bunscoile. Tuairiscíodh 16 theanga eile, lena n-áirítear Araibis, Sínis (Mandairínis), Polainnis, Seapáinis, Mailéalaimis, Rúisis, Hiondúis agus Teanga Chomharthaíochta na hÉireann.



**Fíor 13:** Teangacha bunscoile

## Teangacha sa lá scoile

Nuair a fiafraíodh díobh cad iad na Nuatheangacha lasachta a bhíonn á bhfoghlaím acu faoi láthair mar chuid den ghnáthlá scoile sa Chéad Bhliain, ba í an Spáinnis an teanga ba choitianta agus beagnach leath de na freagróirí ag dul di (49 faoin gcéad), ansin Fraincis (32 faoin gcéad), agus ansin Gearmáinis (14 faoin gcéad). I measc na dteangacha eile tá Hiondúis, Rómáinis, Tamailis agus Urdúis.

Teangacha sa Chéad Bhliain	Céatadán
Spáinnis	49.3%
Fraincis	31.5%
Gearmáinis	13.6%
Eile	5.1%
None	5.3%
Sínis (Mandairínis)	3.4%
Iodáilis	1.8%
Araibis	0.7%
Polainnis	0.5%
Rúisis	0.5%
Seapáinis	0.3%
Portaingéilis	0.2%
Liotuáinis	0.1%

**Tábla 18:** Cad iad na Nuatheangacha lasachta atá á bhfoghlaím agat faoi láthair mar chuid den ghnáthlá scoile sa chéad bhliain?

Cuireadh ceist ar na daltaí ansin cén teanga a roghnóidís dá dtiocfadh leo Nuatheanga lasachta nua a roghnú. Roghnaigh 16 faoin gcéad an Spáinnis, roghnaigh beagnach 15 faoin gcéad an Iodáilis, agus luaigh 10 faoin gcéad teangacha eile amhail an Chóiréis, an Rúisis agus an Liotuáinis.

Teanga	Céatadán
Spáinnis	17.3%
Níl a fhios agam	16.3%
Iodáilis	14.5%
Fraincis	11.5%
Gearmáinis	6.1%
Sínis (Mandairínis)	5.2%
Polainnis	5.2%
Portaingéilis	5.0%
Araibis	4.0%
Seapáinis	3.7%
Teangacha eile (<2% de na freagróirí i gcás gach teanga acu)	10.0%

**Tábla 19:** Dá dtiocfadh leat tosú ar Nuatheanga lasachta nua a fhoghlaim, cé acu a roghnófa? (Dearcadh lucht na chéad bhliana)

Bíonn 86 teanga á labhairt sa bhaile, agus is iad an Pholainnis, an Spáinnis agus an Rómáinis na teangacha is coitianta acu i ndiaidh an Bhéarla agus na Gaeilge; tá siad ar fad léirithe in Fíor 14.



**Fíor 14:** Teangacha a bhíonn á labhairt sa bhaile ag daltaí na chéad bhliana

## Turais Idirnáisiúnta

Bhí 96 faoin gcéad de na daltaí céad bhliana ar thuras taobh amuigh d'Éirinn: is lena dteaghlach a bhí formhór mór acu (95 faoin gcéad) thar sáile agus bhí 12.5 faoin gcéad acu thar sáile le cairde. Ní raibh ach a dó faoin gcéad thar lear ar thuras scoile. Léirítear in Tábla 20 an éagsúlacht áiteanna a raibh cuairt tugtha ag na daltaí orthu; ba iad an Spáinn, an Bhreatain Mhór agus an Fhrainc na háiteanna is minice a luaíodh. I measc na n-áiteanna eile tá an Phortaingéil (18 faoin gcéad) agus an Ísiltír (6 faoin gcéad).

Áit	Céatadán
An Spáinn	69.3%
Eile	56.1%
An Bhreatain Mhór	54.2%
An Fhrainc	48.1%
An Iodáil	32.5%
Meiriceá	21.6%
Gearmáinis	15.4%
An Ghréig / Oileáin na Gréige	12.0%
An Tuirc	11.8%
An Pholainn	8.9%
Maracó	5.3%
An tSín	2.7%
An tSeapáin	1.1%

**Tábla 20:** Áiteanna ar thug daltaí céad bhliana a chuir freagra cuairt orthu


## Gairmeacha agus Teangacha

Nuair a fiafraíodh díobh ar shíl siad an dócha go mbainfeadh siad úsáid as Nuatheanga lasachta ina bpost nuair a d'fhágfaidís an scoil, dúirt 61 faoin gcéad de na daltaí céad bhliana nach dócha go n-úsáidfeadh. Ní raibh comhairle faighte ach ag tuairim is 20 faoin gcéad de na daltaí faoi phoist a thig leo a dhéanamh le Nuatheangacha lasachta, agus ní raibh aon chomhairle ar chor ar bith faighte ag breis agus leath acu (55.2 faoin gcéad) faoi ghairmeacha sa todhchaí le teangacha. Is iad an mhúinteoireacht (38.7 faoin gcéad) agus aistriúchán agus ateangaireacht (20.9 faoin gcéad) na poist is coitianta a shamhlaítear le teangacha, agus luaigh cuid de na daltaí obair agus taisteal thar sáile mar ghairmeacha féideartha a bhfuil teangacha i gceist leo.

Poist a bhfuil teangacha i gceist leo	Céatadán
Múinteoir	38.7%
Aistriúchán agus ateangaireacht	20.9%
Teangeolaithe	11.3%
Eitlíocht	9.0%
Obair thar sáile	6.8%
Treoraí Turas	5.2%
Ní fios	3.6%
Gnó	2.4%
Dochtúir	2.1%
Turasóir	1.5%


**Tábla 21:** Cad iad na poist is féidir leat a dhéanamh sa todhchaí má dhéanann tú staidéar ar Nuatheangacha lasachta?

Cé nach dóigh le daltaí go mbeidh teangacha in úsáid acu ina ngairm sa todhchaí, thuiriscigh breis agus 80 faoin gcéad acu go bhfuil sé níos úsáidí a bheith in ann Nuatheanga lasachta a labhairt ná gan a bheith in ann sin a dhéanamh, mar a léirítear in Fíor 15. Mothaíonn formhór na ndaltaí, áfach, nach labhraíonn siad an Nuatheanga lasachta atá á foghlaim acu go rómhaith – cé go dtugann fíorbheagán acu le fios nach bhfuil siad ábalta an teanga a labhairt – rud a léiríonn go bhfuil gá le tuilleadh deiseanna scileanna labhartha a chleachtadh.



**Fíor 15:** Cé chomh húsáideach atá sé a bheith in ann Nuatheangacha lasachta éagsúla a labhairt? (Dearcadh lucht na chéad bhliana)

Mar sin féin, tá na daltaí thar a bheith dearfach faoin eispéireas foghlama teangacha. Baineann breis agus 75 faoin gcéad de na daltaí céad bhliana a d’fhreagair taitneamh as staidéar a dhéanamh ar theangacha (is maith leo é nó is breá leo é):




**Fíor 16:** An mbaineann tú taitneamh as a bheith ag foghlaim Nuatheangacha lasachta? (Dearcadh lucht na chéad bhliana)

Iarradh ar dhaltáí céad bhliana trí ráiteas a roghnú a chuireann síos ar a mothúcháin faoi fhoghlaim Nuatheangacha lasachta ar scoil. Mar atá le feiceáil in Tábla 22 agus in Fíor 17, tá formhór na bhfreagraí dearfach: is iad ‘Is maith liom an teanga a labhairt’, ‘Tá ranganna Nuatheangacha lasachta spráúil’ agus ‘Motháim go bhfuil mé ag foghlaim a lán teanga nua’ na mothúcháin is mó a roghnaíodh. Luaigh breis agus 50 faoin gcéad de na daltaí gur maith leo an teanga a labhairt, rud a léiríonn an tábhacht atá leis an ghné labhartha, agus thug breis agus 25 faoin gcéad acu le fios gur ranganna Nuatheangacha lasachta a bheith spráúil an príomh-mhothúchán a bhí acu. Léiríonn na torthaí seo chomh maith nach mbíonn Teicneolaíocht Dhigiteach in úsáid go minic sna luathchéimeanna de ranganna iar-bhunscoile Nuatheangacha lasachta.


Ráitis	An príomh-mhothúchán	An dara mothúchán	An tríú mothúchán
Is maith liom an teanga a labhairt	19.1%	16.5%	16.3%
Bíonn ranganna Nuatheangacha lasachta spráúil	25.4%	11.6%	8.2%
Motháim go bhfuilim ag foghlaim go leor teanga nua	12.5%	12.8%	11.0%
Bíonn foghlaim Nuatheangacha lasachta deacair	7.9%	10.4%	10.9%
Tá an iomarca focal le foghlaim	7.0%	10.2%	9.2%
Bíonn ranganna Nuatheangacha lasachta leadránach	9.9%	5.4%	4.3%
Tá an líon focal atá le foghlaim agam nach mór mar is ceart	3.0%	4.1%	7.0%
Is annamh a úsáidimid an Teicneolaíocht Dhigiteach i ranganna Nuatheangacha lasachta	2.0%	5.7%	4.8%
Bíonn foghlaim Nuatheangacha lasachta éasca	3.3%	3.6%	5.3%
Ní bhraithim go bhfuilim ag foghlaim a lán teanga nua	2.4%	3.7%	2.8%
Ní maith liom an teanga a labhairt	2.4%	2.5%	3.2%
Is minic a úsáidimid an Teicneolaíocht Dhigiteach i ranganna Nuatheangacha lasachta	0.6%	3.7%	2.8%

**Tábla 22:** Cén ceann de na ráitis a chuireann síos ar an chaoi a mothaíonn tú faoi fhoghlaim Nuatheangacha lasachta ar scoil?



**Fíor 17:** Cén ceann de na ráitis a chuireann síos ar an chaoi a mothaíonn tú faoi fhoghlaim Nuatheangacha lasachta ar scoil?

Thuairiscigh beagnach 60 faoin gcéad de na daltaí a ndearnadh suirbhéireacht orthu go bhfuil Nuatheangacha lasachta éigeantach sa tSraith Shóisearach, agus níor thug ach 34.7 faoin gcéad le fios go raibh siad éigeantach sa tSraith Shinsearach.



**Fíor 18:** An gcaithfidh gach scoláire staidéar i do scoil Nuatheanga lasachta a dhéanamh? (Dearcadh daltaí céad bhliana)

Sa chéad bhliain, thuairiscigh 40 faoin gcéad de na daltaí go bhfuil sé de rún acu staidéar a dhéanamh ar Nuatheanga lasachta don Ardteistiméireacht. ‘B’fhéidir’ an freagra ba choitianta ar an cheist seo; ní raibh 46.2 faoin gcéad de na daltaí cinnte an leanfadh siad le Nuatheanga lasachta a fhoghlaim sa tSraith Shinsearach. I measc na ndaltaí a dúirt nach leanfadh (n=155), thug beagán níos lú ná leath acu le fios gur an mhí-ábaltacht a bhrath siad a bheith ag baint leo féin ó thaobh na n-éileamh a bhaineann le Nuatheanga lasachta ba chúis leis sin, lena n-áirítear an t-ábhar a bheith deacair (49 freagair), féin-éifeachtúlacht íseal (17), nó an dá rud (5). Luaigh cion níos

lú acu (5.2 faoin gcéad) riachtanais bhreise foghlama nó constaicí a bhain lena bhfolláine, agus thagair 8 faoin gcéad don imní a bhí orthu faoin ualach oibre.

Rinne 25 faoin gcéad acu tagairt don easpa luacha a shamhlaítear le teangacha agus na fáthanna is coitianta a luaíodh ábharthacht do ghairmeacha agus dá gcuid pleannanna in Éirinn sa todhchaí. Luaigh tuairim is 12 faoin gcéad go raibh ábhair eile a shamhlaítear a bheith níos úsáidí nó a chreideann siad go mbeidh gráid níos airde le baint astu mar thosaíocht straitéiseach acu. Chuir tuairim is 20 faoin gcéad in iúl go raibh easpa suime acu i bhfoghlaim teangacha nó nár bhain siad sult as. Ní dhearna ach cion an-bheag (1.9 faoin gcéad) tagairt don eispéireas teagaisc agus foghlama, rud a thugann le fios gur bhain cinntí gan leanúint le teanga cuid mhór le deacracht shamhlaithe, luach samhlaithe agus roghnú straitéiseach ábhar; is lú i gcomparáid leo sin fachtóirí mothaitheacha.

*“Ba mhaith liom díriú ar an Ghaeilge a fhoghlaim [...] mar sílim go bhfuil sé tábhachtach do theanga dhúchais a fhoghlaim agus ní shílim go mbeidh orm riamh dul síos chun an tsiopa agus Spáinnis a labhairt.”*

*“Motháim go mbeidh go leor ar mo phláta agam leis an Ghaeilge mar bím ag streachailt léi cheana, agus ba mhaith liom mo chuid staidéir a dhíriú ar rudaí mar an mhata agus an eolaíocht mar tá a fhios agam go n-úsáidfídh mé i bhfad níos mó iad.”*

*“Tá sé deacair agus sílim go dtiocfadh liom marcanna níos airde a fháil in ábhair eile.”*

Nuair a cuireadh ceist, áfach, faoin inspreagadh le Nuatheanga lasachta a fhoghlaim, tháinig patrún difriúil chun solais; luaigh breis agus 25 faoin gcéad de na freagróirí (n=139) gnéithe den eispéireas foghlama, mar shampla múinteoir maith (7), ceachtanna a cheapann a suim (10), agus úsáid cluichí agus na teicneolaíochta (5). I measc na moltaí chun feabhais bhí an fhoghlaim a dhéanamh níos fusa tríd an luas a mhoilliú agus béim níos mó a chur ar an labhairt. Bhain beagnach 33 faoin gcéad de na freagraí le hinspreagadh do nithe sa todhchaí nó le hinspreagadh coinníollach a bhí ceangailte, den chuid is mó, le taisteal nó cónaí thar sáile (24) nó le fostaíocht nó riachtanais oideachais ionchasacha (9). Luaigh cion níos lú de na freagróirí athruithe ar an churaclam (7.2 faoin gcéad) nó measúnú (4.3 faoin gcéad), mar shampla rogha níos leithne teangacha nó béim níos lú ar ghrádú. Níor luaíodh inspreagadh sa duine féin, mar shampla taitneamh nó sásamh a bhaint as a bheith ag feabhsú, ach go hannamh (5 faoin gcéad), agus ba amhlaidh an cás maidir le teagmháil chultúrtha trí scannáin nó turais scoile (3.6 faoin gcéad). Go suntasach, níor roghnaigh tuairim is 33 faoin gcéad de na freagróirí fachtóirí inspreagtha ar bith; dúirt 26 dalta nach spreagadh rud ar bith iad.

*“Dá mbeadh sé roghnach, nó dá mbeadh rogha níos mó againn faoin Nuatheanga lasachta ar mhaith linn í a fhoghlaim; níl mar rogha agam i mo scoil féin ach Spáinnis nó Fraincis.”*

*“B’fhéidir murar chuid den phríomhchuraclam é agus mura gcaithfí chomh dáiríre sin leis.”*

*“Dá mbeadh níos lú gramadaí le foghlaim agus dá mbeadh béim ar labhairt na teanga.”*

Nuair a cuireadh ceist orthu faoi chultúr na Nuatheanga lasachta a fhoghlaimíonn siad ar scoil, dúirt formhór na bhfreagróirí (940/1,211) go raibh suim acu ann, le hais 271 a thug le fios nach raibh. As an 940 duine sin, thug beagnach leath acu le fios gur bhain siad taitneamh as gné éigin den chultúr (17.8 faoin gcéad) nó gur mhaith leo tuilleadh a fhoghlaim faoi (31.4 faoin gcéad); léirigh a lán daltaí suim i réimsí éagsúla, mar shampla bia, traidisiúin, féilte, spórt agus áiteanna ar leith, mar aon le comparáid lena gcultúr baile. Luaigh beagnach 13 faoin gcéad de na freagróirí cumarsáid le daoine eile mar spreagadh le heolas cultúrtha a fhorbairt, agus rinne beagán le cois 10 faoin gcéad tagairt d'fhorbairt scileanna teanga. Luaigh 15 faoin gcéad cúis spreagtha phraiticiúil: ba é taisteal (80 freagróir) an ceann ba choitianta ar fad, ansin staidéar (8), slí bheatha (7) agus athlonnú (7). Luaigh líon níos mó freagróirí tionchar seachtrach (3.9 faoin gcéad), mar shampla an teaghlach, cairde agus múinteoirí agus an úire a bhaineann le teagmháil le rud éigin atá difriúil lena gcultúr féin (4.7 faoin gcéad). Go foriomlán, is léir ó na freagraí gur meascán den taitneamh agus den fhiosracht go príomha a spreagann suim i gcultúir Nuatheangacha lasachta agus go bhfuil gnéithe praiticiúla agus sóisialta mar spreagthach tánaisteach.

*“Tá scéalta suimiúla ag cuid acu [na cultúir] agus tá préamhacha suimiúla ag cuid de na focail chomh maith.”*

*“Más amhlaidh go dtabharfaidh mé cuairt ar an tír / go ndéanfaidh mé cónaí ann, beidh eolas agam ar thraidisiúin agus súilíochtaí sa tír sin.”*

*“Mar má théim [...] chuig an tír ní sheasfaidh mé amach agus réiteoidh mé leis an tír.”*

*“Mar cuidíonn sé leat ceangal a dhéanamh le daoine eile agus tuiscint a fháil ar dhaoine ar fud an domhain.”*

*“Tá, mar tá cultúr tíre chomh tábhachtach céanna leis an teanga. Tá sé tábhachtach foghlaim faoi chultúr na teanga mar thiocfadh leis tionchar a imirt ar na pleananna atá ag duine maidir le húsáid na teanga níos moille sa tsaol.”*

As measc an 271 freagróir a thug le fios nach raibh suim acu i gcultúr, luaigh tuairim is 25 faoin gcéad easpa taitnimh: dúradh go coitianta go raibh sé leadránach (30 freagróir) nó neamhthaitneamhach (12) nó tugadh le fios gurbh fhearr díriú ar an teanga (11). Luaigh líon níos lú freagróirí easpa suime sa teanga féin (8.9 faoin gcéad), easpa luacha shamhlaithe (11.8 faoin gcéad), deacracht nó féin-éifeachtúlacht íseal (9.6 faoin gcéad) agus tosaíochtaí eile (4.8 faoin gcéad). Mar ab amhlaidh go ginearálta, níor luaigh ach fíorbheagán daltaí (1.1 faoin gcéad) eispéreas diúltach foghlama. Ní dhearna cion suntasach de na freagróirí (27.7 faoin gcéad) ach trácht an-ghairid.

Tháinig patrún comhchosúil ó thaobh suim agus neamhshuim chun solais nuair a pléadh ábhar staire: léirigh formhór na bhfreagróirí (703/1,153) suim i stair na Nuatheanga lasachta agus léirigh 450 acu neamhshuim ann. Féadfaidh sé gur léiriú í an difríocht seo ar dhaltaí a bheith ag smaoineamh ar an stair mar ábhar ann féin; dúirt cuid de na freagróirí (47) nach maith leo stair nó gur chóir í a choinneáil amach ó fhoghlaim teangacha (10). Chomh maith leis sin, i gcomparáid le cultúr, is annaimhe a samhláíodh feidhm phraiticiúil a bheith le stair (2.8 faoin gcéad) nó í a bheith ábhartha i bhfoghlaim teangacha (3.6 faoin gcéad).

*“Ní miste liom teanga eile a fhoghlaim ach tá an stair éigeantach cheana féin agus ní gá go mbeadh a fhios agam cad as ar tháinig na focail a bhíonn á bhfoghlaim agam.”*


Ina ainneoin sin, bhí an patrún a bhain le freagraí dearfacha comhchosúil a bheag nó a mhór leis na patrúin i leith cultúir; léirigh breis agus leath de na freagróirí suim i ngnéithe áirithe den stair (33.9 faoin gcéad) nó go mbaineann siad sult as ábhar staire (21.5 faoin gcéad), stair mhíleata, pholaitíochta agus choilíneachais san áireamh. Gné shuntasach de na sonraí ab ea an leibhéal ard suime, go coibhneasta, i dteangeolaíocht stairiúil (41 freagróir). Maidir le freagraí diúltacha, arís bhí an patrún céanna, a bheag nó a mhór, le sonrú sna freagraí faoi chultúr. Thuairiscigh beagnach 40 faoin gcéad nár bhain siad taitneamh as, agus an cur síos ba choitianta ar an stair ná go raibh sé leadránach (73 freagra) nó chuir cuid de na daltaí in iúl gur fearr leo teanga thar an stair (25). Níor thug 39.3 faoin gcéad eile ach eolas breise den chuid is lú nó níor thug siad eolas breise ar bith, agus luaigh cion níos lú de na freagróirí easpa luacha shamhlaithe (11.6 faoin gcéad), tosaíochtaí eile (4 faoin gcéad), deacracht nó féin-éifeachtúlacht íseal (4 faoin gcéad), agus arís, i bhfíorbheagán cásanna, ceisteanna a bhain leis an teagasc (0.9 faoin gcéad). Chuir 33 freagróir in iúl nach raibh mórán staire ná stair ar bith foghlamtha (go fóill) acu.

*“Bíonn sé go deas a bheith ag foghlaim faoi chúlra na teanga agus stair an traidisiúin/an chultúir a bhaineann léi [...] Déanann carachtair Shiníse ciall mar seasann siad do rud éigin.”*

*“Tá sé an-suimiúil dom féin a chluinstin agus a thuiscint cad é mar a fhorbraíonn tíortha eile na dearthaí atá acu agus cad chuige.”*

## Buntáistí agus feabhsúcháin

Nuair a fiafraíodh faoin bhuntáiste is mó a bhaineann le foghlaim teangacha, ba é an cumas an teanga a labhairt agus cuairt á tabhairt ar thír eile an freagra ba choitianta:



**Fíor 19:** Cad é an buntáiste is mó dar leat a bhaineann le Nuatheangacha lasachta a fhoghlaim ar scoil? (Dearcadh lucht na céad bhliana)

I bhfreagraí scríofa mar théacs oscailte, rinne daltaí céad bhliana moltaí maidir le dóigheanna inarbh fhéidir foghlaim teangacha i scoileanna a fheabhsú; is minice a luaíodh sna freagraí an dóigh a dteagasctar an teanga (luaigh breis agus 33 faoin gcéad de na freagróirí é seo). Mhol 275 freagróir tuilleadh cluichí, quizanna nó gníomhaíochtaí idirghníomhacha a úsáid sna ranganna; dúirt 85 dalta eile gur mhaith leo níos mó deiseanna labhairt sa rang. Thug tuairim is 10 faoin gcéad de dhaltaí céad bhliana le fios gur mhian leo rogha níos fairsinge a bheith ar fáil ó thaobh foghlaim teangacha sa tSraith Shóisearach: teangacha a bheith roghnach agus éagsúlacht níos mó a bheith ann maidir leis na teangacha a chuirtear ar fáil.


# Torthaí ón Chúigiú Bliain san Iar-bhunscoil

Roghnaigh 888 dalta cúigiú bliana ó 35 scoil an suirbhé a fhreagairt. Bhí beagnach gach duine acu (n=800) ag foghlaim teanga mar chuid den Ardteistiméireacht, figiúr atá go suntasach os cionn an mheáin náisiúnta, mar atá 70 faoin gcéad. Ba bhaineannaigh iad 66 faoin gcéad de na freagróirí; ba fhireannaigh beagnach 33 faoin gcéad acu agus chuir an fhuíollach 'eile' mar fhreagra nó chuir siad in iúl gur eolas é sin nár mhaith leo é a nochtadh. Thug leath de na freagróirí le fios go bhfuil sé éigeantach ina scoil féin staidéar a dhéanamh ar Nuatheanga lasachta amháin ar a laghad sa tSraith Shinsearach.

Níor foghlaim 8 faoin gcéad de na freagróirí teanga sa bhunscoil. Síleann 75 faoin gcéad de na freagróirí gur chóir go mbeadh an deis ag daltaí bunscoile teanga a fhoghlaim dá mba mhian leo, agus ceapann 25 faoin gcéad gur chóir go mbeadh teangacha éigeantach sa bhunscoil. As na daltaí sin a d'fhoghlaim teanga sa bhunscoil ba í an Spáinnis an teanga ba choitianta a d'fhoghlaim siad agus bhí an Fhraincis sa dara háit, í ag leibhéal beagnach chomh hard céanna leis an Spáinnis. Tá sé seo i gcontrárthacht leis an trí náisiún sa Bhreatain Mhór, inarb í an Fhraincis an teanga is mó a bhfuil tóir uirthi ag céim na bunscolaíochta. Níl foghlaim teangacha i mbunscoileanna éigeantach i dTuaisceart Éireann. y phase. Teanga learning in primary schools is not mandatory in Northern Ireland.

## Teangacha sa lá scoile

D'fhiafraigh muid de na daltaí cén teanga a fhoghlaimíonn siad sa lá scoile. Mar is amhlaidh sa Ríocht Aontaithe, is iad an Spáinnis, an Fhraincis agus an Ghearmáinis an 'trí theanga mhóra'. Cé gurb í an Fhraincis an Nuatheanga lasachta is mó rannpháirtíochta go náisiúnta in Éirinn, ba dhóchúla go raibh freagróirí ar an tacar sonraí seo againne ag foghlaim na Spáinnise:



**Fíor 20:** Teangacha a theagasctar sa lá scoile i scoileanna na ndaltaí a d'fhreagair



*“Labhraím Béarla le mo chlann sa bhaile ach labhraím Gaeilge agus Béarla le mo sheantuismitheoirí.”*

*“Is scoláire malairte Iodálach mé in Éirinn. Labhraím Béarla leis an teaghlach óstaigh.”*

*“Ba ghnách liom Polainnis a labhairt cuid mhór sa bhaile, ach anois labhraím féin, mo mháthair agus mo chuid siblíní Béarla níos minice agus glacaimid chugainn féin an cultúr Éireannach atá thart timpeall orainn. Labhraímid Béarla sa bhaile anois cé go mbíonn orainn rudaí áirithe i mBéarla a mhíniú do mo mháthair i bPolainnis.”*

## Turais Idirnáisiúnta

Bhí beagnach gach duine de na daltaí ar thuras taobh amuigh d’Éirinn le tuismitheoirí agus caomhnóirí, agus bhí leath acu ar thuras scoile. Is í an Spáinn an áit is mó ina raibh siad, ansin an Bhreatain Mhór agus an Fhrainc. Bhí níos mó ná leath de na daltaí san Iodáil chomh maith, rud a mhíníonn an ceangal doimhin idir an dá tír agus an mhian atá ag daltaí Iodáilis a fhoghlaim.

Áit	Céatadán
An Spáinn	79.5%
An Bhreatain Mhór	68.5%
An Fhrainc	62.3%
Eile	51.2%
An Iodáil	50.6%
Meiriceá	29.4%
An Ghearmáin	23.3%
An Ghréig / Oileáin na Gréige	14.8%
An Pholainn	10.2%
An Tuirc	10.2%
Maracó	4.8%
An tSín	4.2%
An tSeapáin	1.8%

**Tábla 24:** Áiteanna ar thug na daltaí a d’fhreagair cuairt orthu

Luaíodh 114 tír eile sa cholún ‘Eile’, rud a léiríonn go bhfuil taisteal déanta go fairsing ag na daoine óga. In ainneoin na taithí iontaí seo, níl ach 5 faoin gcéad de na freagróirí cinnte go mbeidh ról ag teangacha ina saol oibre; tá an gá le gairmthreoir atá bunaithe ar fhianaise níos tábhachtaí ná riamh maidir leis an tábhacht atá le Nuatheangacha lasachta.

## Gairmeacha agus Teangacha


D’fhiafraigh muid de na daltaí an gcuireann a scoil féin gairmthreoir ar fáil maidir le teangacha, agus dúirt formhór acu nach gcuireann:

Freagra ar bith	7.0%
Ní chuireann	51.6%
Cuireann	28.8%
Ní fios	5.5%
Rud beag	6.8%
Brathann sé	0.1%
Ní go fóill	0.2%


**Tábla 25:** Freagraí na ndaltaí ar an ceist an gcuireann a scoil féin gairmthreoir ar fáil maidir le teangacha.

Chuir muid ceist ar na daltaí chomh maith cén cineál post ba mhaith leo a dhéanamh sa todhchaí le teangacha. Luaigh 66 faoin gcéad múinteoireacht nó aistriúchán; níor luaigh ach 10 faoin gcéad gnó idirnáisiúnta, dlí nó taidhleoireacht, agus luaigh níos lú ná 5 faoin gcéad acu taisteal agus turasóireacht.

In ainneoin an easpa feasachta seo ar ghairmeacha, tuigean ceathrar as gach cúigear an luach a bhaineann le foghlaim teangacha.



**Fíor 22:** Cé chomh húsáideach atá sé a bheith in ann Nuatheangacha lasachta éagsúla a labhairt? (Dearcadh lucht na cúigiú bliana)



**Fíor 23:** Daltaí agus taitneamh a bhaint as foghlaim teangacha (Dearcadh lucht na cúigiú bliana)

Tá dearcadh dearfach ag na daltaí i leith foghlaim teangacha. Baineann beagnach triúr as gach ceathrar daoine óga taitneamh as an ábhar. Chuir muid liosta de 6 mhothúchán dhearfacha agus 6 mhothúchán dhiúltacha faoi fhoghlaim teangacha faoina mbráid. Is iad seo a leanas na mothúcháin ba choitianta: (i) is maith le daltaí an teanga a labhairt; (ii) tá foghlaim Nuatheangacha lasachta deacair; agus (iii), tá barraíocht focal le foghlaim.

As na daltaí sin sa tacar sonraí againn nach bhfuil ag déanamh staidéir ar Nuatheanga lasachta don Ardteistiméireacht (n=75), dúirt beagnach leath acu gur an deacracht a shamhlaigh siad leo ba chúis leis sin. I Sasana, chuathas i ngleic le cúiseanna den chineál chéanna ar na mallaibh trí bheartais a leasú: athraíodh an fócas ar thopaicí i bhfoghlaim teangacha go foclóir ardmhnicíochta sainithe.

Tá suim ag 75 faoin gcéad de dhaltaí i gcultúr na Nuatheangacha lasachta a fhoghlaimíonn siad ar scoil, ach tá spéis ag rud beag níos lú ná leath acu i stair na dtíortha atá i gceist.

*“Níl aon rud faoi stair na Fraince foghlamtha againn inár gcuid ranganna.”*

*“Ní shílím gur ghá go mbeadh eolas agat ar an stair sa chás nach bhfuil ar siúl agat ach an teanga a fhoghlaim lena labhairt”*


D'iarr muid ar na daltaí insint dúinn trí théacs neamhshrianta faoi na deiseanna saibhrithe cultúrtha ina scoil féin. Léirítear in Tábla 26 go bhfuil líon maith malartuithe agus turas ann, mar aon le teagmháil mhaith as na himeachtaí #ThinkTeangas a bhíonn á n-eagrú ag TIBÉ.

Cineál saibhrithe	Líon na bhfreagraí de réir códú téamúil
Malartuithe (amach)	294
Turais	150
Lá/Laethanta Cultúir nó Seachtain Chultúir	65
Daltaí idirnáisiúnta (isteach)	56
Cairde pinn	53
Rud ar bith	62
#ThinkTeangas	47
Ní fios	32
Lá/Laethanta/ Seachtain Teangacha	37
Cúntóirí Teanga	24
Erasmus	17

**Tábla 26:** Cineálacha saibhrithe

## Buntáistí agus feabhsúcháin

Nuair a cuireadh an cheist cad é an buntáiste is mó as teanga nua a fhoghlaim, is léir gurb í an ghné labhartha an ceann is mó:



**Fíor 24:** Cad é an buntáiste is mó a bhaineann le Nuatheangacha lasachta a fhoghlaim ar scoil, dar leat? (Dearcadh lucht na cúigiú bliana)

D'iarr muid ar na daltaí freagra a scríobh i dtéacs oscailte maidir lena bhféadfaí a dhéanamh le foghlaim teangacha a fheabhsú sa tSraith Shinsearach. Rinneadh sonraí a chódú le hanailís théamúil agus is iad seo a leanas na príomh-eochairfhocail a tháinig as sin: fócas as an nua ar an teanga labhartha, gníomhaíochtaí, tuilleadh tacaíochta agus soghluaisteacht amach:

Eochairfhocail	Líon freagraí
An teanga labhartha (scileanna labhartha agus éisteachta, sa rang agus sa tír)	137
Gníomhaíochtaí (níos idirghníomhaí, níos spráúla, imeachtaí teanga, cruthaitheacht)	109
Teagasc agus foghlaim, tacaíocht	79
Turais agus Malartuithe; Erasmus	68
Ní fios	56
Rogha níos fairsinge teangacha	41
Teangacha a thabhairt isteach ag an Bhunleibhéal	32
Foghlaim Nuatheangacha lasachta a dhéanamh rognach	22
Tuilleadh staidéir a dhéanamh ar chultúr agus ar an stair (ceol, scannáin san áireamh, srl.)	26
Deacracht (meastar go bhfuil an t-ábhar ródheacair, nó go bhfuil an t-aistriú ón tSraith Shóisearach go dtí an tSraith Shinsearach rómhór)	21

**Tábla 27:** Dóigheanna le teangacha a fheabhsú sa tSraith Shinsearach dar le daltaí

# Conclúid

Is léir go bhfuil an-luach le teagasc agus foghlaim teangacha ina scoileanna féin dar le ceannairí scoile: cé go bhfuil siad réadúil faoi na dúshlán a bhaineann le heaspa múinteoirí cáilithe agus le ganntanas deiseanna forbartha gairmiúla agus faoi chonstaicí airgeadais, mar sin féin tá tiomantas léirithe acu do bheith ag tacú le cineálacha éagsúla tionscnamh sa tseomra ranga agus taobh amuigh de araon le go leanfar ar aghaidh le daltaí a spreagadh i dtaca le teangacha. Is í an Fhraincis an teanga is mó a bhíonn á teagasc i scoileanna na hÉireann, ach léiríonn na treochtaí go bhfuil an Spáinnis ag fás go leanúnach agus go bhfuil ag méadú ar an tsuim i dteangacha Eorpacha agus domhanda eile, rud a léiríonn méadú ar an éagsúlacht.

Tá leibhéal suntasach sástachta le foghlaim teangacha curtha in iúl ag daltaí sa chéad bhliain agus sa chúigiú bliain araon san iar-bhunscoil; thug 75 faoin gcéad den dá aoisghrúpa le fios go mbaineann siad taitneamh as ranganna teanga. Is soiléire an méadú ar an spéis sa Spáinnis ó dhearcadh na ndaltaí. Cé go mbaineann daltaí taitneamh as foghlaim teangacha, áfach, agus in ainneoin go síleann formhór na ndaltaí gur scil úsáideach í a bheith in ann teanga eile a labhairt, ní mheasann ach líon beag daltaí, go coibhneasta, go mbeidh teangacha ina ngné thábhachtach dá ngairm amach anseo. Creideann bunús na ndaltaí nach bhfuil ar fáil mar shlí bheatha le teangacha

ach an mhúinteoireacht, an t-aistriúchán agus an ateangaireacht. Tá obair fós le déanamh le dearcadh níos leithne a mhuscailt i ndaltaí maidir le teangacha a chur san áireamh ina ngairm sa todhcháí.

Tá an tábhacht atá leis an ghné idirnáisiúnta de shaol na scoile agus dearcadh daltaí i leith teangacha agus cultúir éagsúla soiléir síos tríd an tuarascáil seo. Éiríonn go geal le daltaí i bhfoghlaim teangacha sa chás inar féidir leo úsáid a bhaint astu, agus thig leis na srianta a bhaineann leis an churaclam agus leis an amchlár a bheith dochrach maidir leis an cheist seo. Mar sin féin, cuireann deiseanna san Idirbhliain teangacha a úsáid ar bhealaí nua, éagsúla – mar shampla teangacha nua, deiseanna dul thar sáile nó daltaí idirnáisiúnta a thabhairt isteach i scoileanna in Éirinn agus cláir mar #ThinkTeangas ag TIBÉ – le rath na dteangacha i scoileanna na hÉireann.

In ainneoin na ndúshlán atá léirithe sna freagraí, tá foghlaim teangacha in iar-bhunscoileanna in Éirinn i riocht an-mhaith. Tá roghnú teangacha go suntasach níos airde ná mar atá ar fud na Ríochta Aontaithe, agus léiríonn ionchuimsiú teangacha baile agus oidhreachta sa churaclam agus mar roghanna Ardteistiméireachta an tiomantas atá in Éirinn i leith foghlaim teangacha a chur chun cinn agus córas oideachais níos ionchuimsithí. Ach tuilleadh maoinithe a fháil, áiseanna a fhorbairt agus dul i ngleic leis na deacrachtaí a bhaineann le hearcú múinteoirí, leanfaidh foghlaim teangacha in Éirinn leis ag dul ó neart go neart.

# Leabharliosta Tagartha

Braun, V. agus Clarke, V. (2022). *Thematic Analysis: A Practical Guide*. SAGE Publications Ltd.

Comhairle na Breataine (2025). *Teanga Trends research series*. [Ar líne] Ar fáil ar: <https://www.britishcouncil.org/research-insight/research-series/Teanga-trends> (Faighte ar an 15/04/26)

An Roinn Oideachais (2020). *Socruithe le haghaidh Chur Chun Feidhme an Chreata don tSraith Shóisearach le tagairt ar leith don scoilbhliain 2020/21*. [Ar líne] Ar fáil ar: <https://assets.gov.ie/static/documents/e8ca098c-00762020-.pdf> (Faighte ar an 10/02/26)

An Roinn Oideachais (2024). *Teangas Connect: Interim Review Report and Implementation Plan to 2026*. [Ar líne] Ar fáil ar: <Teangas-connect-interim-review-report-and-implementation-plan-to-2026.pdf> (Faighte ar an 17/12/25)

An Roinn Oideachais agus Scileanna (2017). *Déanann Teangacha Nasc: Straitéis do Theangacha lasachta san Oideachas in Éirinn 2017-2026*. [Ar líne] Ar fáil ar: <https://assets.gov.ie/static/documents/deanann-teangacha.pdf> (Faighte ar an 17/12/25)

An Roinn Oideachais agus Óige (2025a). *An Straitéis DEIS go 2035: Straitéis Deich mBliana chun Aghaidh a Thabhairt ar Mhíbhuntáiste Oideachasúil*. [Ar líne] Ar fáil ar: [https://assets.gov.ie/static/documents/7b9b0c9b/An\\_Strait%C3%A9is\\_DEIS.pdf](https://assets.gov.ie/static/documents/7b9b0c9b/An_Strait%C3%A9is_DEIS.pdf) (Faighte ar an 23/03/26)

An Roinn Oideachais agus Óige (2025b). *Education Indicators for Ireland*. [Online] Ar fáil ar: [https://assets.gov.ie/static/documents/09fe3ad4/2025\\_Report\\_Education\\_Indicators\\_for\\_Ireland.pdf](https://assets.gov.ie/static/documents/09fe3ad4/2025_Report_Education_Indicators_for_Ireland.pdf) (Faighte ar an 20/04/26)

An Roinn Oideachais agus Óige (2025c). *Education Statistics*. [Ar líne] Ar fáil ar: <https://education-statistics-doeirl.hub.arcgis.com/pages/secondary-education> (Faighte ar an 20/04/26)

An Roinn Oideachais agus Óige (2025d). *Déanann an tAire McEntee agus an tAire Moynihan comhghairdeas leis na daltaí siúd atá ag fáil thorthaí a gcuid scrúduithe sa tSraith Shóisearach inniu*. [Ar líne] Ar fáil ar: <https://www.gov.ie/ga/an-roinn-oideachais/preaseisiuinti/ministers-mcentee-and-moynihan-congratulate-students-on-received-the-results-of-their-junior-cycle-examinations-today/> (Faighte ar an 20/04/26)

An Roinn Oideachais agus Óige (2026a). *Education Statistics: Secondary Education*. [Ar líne] Ar fáil ar: <https://education-statistics-doeirl.hub.arcgis.com/pages/secondary-education> (Faighte ar an 06/02/26)

An Roinn Oideachais agus Óige (2026b). *Post-primary schools enrolment figures* [Ar líne] Ar fáil ar: <https://www.gov.ie/en/department-of-education/collections/post-primary-schools-enrolment-figures/> (Faighte ar an 15/12/25)

Duff, J. agus Collen, I. (2025). *Teanga Trends Northern Ireland 2025*.

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2024). *Information Guide to NCCA's Curriculum and Assessment Development Processes*. [Online] Available at: <https://ncca.ie/media/dhkfqiwd/en-ncca-information-booklet.pdf> (Accessed 17/12/25)

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2025a). *Sonraíocht Teangach do Bhunscoileanna*. [Ar líne] Ar fáil ar: <https://www.curriculumonline.ie/getmedia/e9015c36-2f03-435c-805a-4c6b61040f0b/Primary-LANG-Spec-GA-INT.pdf> (Faighte ar an 17/12/25)

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2025b). *Réasúnaíocht do Nuatheangacha lasachta sa tSraith Shóisearach*. [Ar líne] Ar fáil ar: <https://curriculumonline.ie/ga-ie/junior-cycle/junior-cycle-subjects/modern-foreign-Teangas/2025/rationale/> (Faighte ar an 17/12/25)

PPLI (2017). *Audit of Foreign Teangas Provision in Post-Primary Schools 2017*. [Ar líne] Ar fáil ar: <https://ppli.ie/wp-content/uploads/2024/11/PPLI-Audit-of-Foreign-Teangas.pdf> (Faighte ar an 15/03/26)

PPLI/Teangas Connect (2025a). *Primary Teangas*. <https://Teangasconnect.ie/primary/>

PPLI/Teangas Connect (2025b). *#ThinkTeangas*. <https://Teangasconnect.ie/thinkTeangas/>

Coimisiún na Scrúduithe Stáit (2025). <https://www.examinations.ie/>

# Notes

A series of horizontal dotted lines for writing notes.

# Figiúirí

Leathanach	Cur síos
13	1 Scoileanna a d'fhreagair de réir contae
16	2 Iontrálacha Ardteistiméireachta don Fhraincis, Gearmáinis, Spáinnís agus Iodáilis, 2015-2025
18	3 Líon iomlán na n-iontrálacha Ardteistiméireachta do theangacha neamhchuraclaim, 2017-2025
19	4 Iontrálacha Sraithe Sóisearaí don Fhraincis, Gearmáinis, Spáinnis agus Iodáilis, 2015-2025
21	5 Teangacha baile arna dtuairisciú ag FSCanna
23	6 An céatadán de na scoileanna a d'fhreagair ina bhfuil daltaí ag déanamh staidéir ar theanga bhreise
25	7 Céatadán de dhaltáí atá ag déanamh staidéir ar níos mó ná Nuatheanga lasachta amháin sa tSraith Shóisearach
26	8 Athruithe le trí bliana anuas ar chion na ndaltaí atá ag foghlaim teanga sa tSraith Shóisearach
27	9 Céatadán de na scoileanna a d'fhreagair a thug le fios go bhfuil Daltaí Sraithe Sinsearaí ag déanamh staidéir ar Nuatheanga lasachta amháin ar a laghad
30	10 Cad iad na deiseanna atá ar fáil do dhaltáí agus/nó do mhúinteoirí i do scoil féin taithí idirnáisiúnta a fháil?
33	11 Dúshlán atá le sárú le heispéiris ardcháilíochta foghlama Nuatheangacha lasachta a sholáthar de réir Fhoirne Sinsearacha Ceannaireachta
34	12 An bhfuil earcú múinteoir cáilíthe Nuatheanga lasachta ina fhadhb?
39	13 Teangacha bunscoile
40	14 Teangacha a bhíonn á labhairt sa bhaile ag daltaí na chéad bhliana
42	15 Cé chomh húsáideach atá sé a bheith in ann Nuatheangacha lasachta éagsúla a labhairt? (Dearcadh lucht na chéad bhliana)
42	16 An mbaineann tú taitneamh as a bheith ag foghlaim Nuatheangacha lasachta? (Dearcadh lucht na chéad bhliana)
44	17 Cén ceann de na ráitis a chuireann síos ar an chaoi a mothaíonn tú faoi fhoghlaim Nuatheangacha lasachta ar scoil?
44	18 An gcaithfidh gach scoláire staidéar i do scoil Nuatheanga lasachta a dhéanamh? (Dearcadh daltaí céad bhliana)
48	19 Cad é an buntáiste is mó dar leat a bhaineann le Nuatheangacha lasachta a fhoghlaim ar scoil? (Dearcadh lucht na chéad bhliana)
49	20 Teangacha a theagasctar sa lá scoile i scoileanna na ndaltaí a d'fhreagair
50	21 Teangacha a bhíonn á labhairt sa bhaile ag daltaí cúigiú bliana a d'fhreagair.
52	22 Cé chomh húsáideach atá sé a bheith in ann Nuatheangacha lasachta éagsúla a labhairt? (Dearcadh lucht na cúigiú bliana)
51	23 Daltaí agus taitneamh a bhaint as foghlaim teangacha (Dearcadh lucht na cúigiú bliana)
54	24 Cad é an buntáiste is mó a bhaineann le Nuatheangacha lasachta a fhoghlaim ar scoil, dar leat? (Dearcadh lucht na cúigiú bliana)

© British Council 2026.  
All rights reserved.

The British Council is the United Kingdom's international organisation for cultural relations and educational opportunities. To find out more about arts and culture research please visit: [britishcouncil.org/research-insight](https://britishcouncil.org/research-insight)

To find out more about British Council Ireland, please visit: [britishcouncil.ie](https://britishcouncil.ie)

